Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Tuarascáil Bhliantúil 2003

Office of the Information Commissioner
Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Clár Ábhair

Caibidil a hAon Réamhrá 4

Caibidil a Dó An Bhliain faoi Athbhreithniú 6
- Tiomsú Staitisticí 7
- Leibhéal Iarrataí le Comhlachtaí Poiblí 8
- Cineál Iarratasóra 9
- Rátaí Scaoilte 9
- Iarratais ar Athbhreithniú le m'Oifig 10
- Táillí 11
- Athbhreithniú ar Bhreitheanna 13
- Am a Chaitear le hAthbhreithnithe a Chríochnú 13
- Toradh Athbhreithnithe 14
- Ábhar Athbhreithnithe 15
- Fógraí Reachtúla 15
- Formáid na mBreitheanna 16
- Fiosruithe Ginearálta 16
- Achomhairc leis an Ard-Chúirt 17
- Comhlachtaí Nua faoi Raon Feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise 17
- Feasacht an Phobail a Chur Chun Cinn 17
- Deimhnithe arna n-eisiúint ag Comhlachtaí Poiblí 18
- Bainistíocht Taifead 19
- Soláthar Foirne 19

Caibidil a Trí Saincheisteanna a thagann chun solais 20
- Athbhreithnithe a bhaineann le Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin agus Leanaí i gCúram an Stáit 21
- Modh Rochtana ar Thaifid 23
- Breithiúnais de chuid na hArd-Chúirte 24
- Bainistíocht Taifead 26
- An tOireachtas agus Alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise 29
- Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 29

Caibidil a Ceathair Breitheanna i bhFoirm Litreach 32
- Innéacs na nÁbhar a Phléitear 33
- Pointí Spéise 34

Caibidil a Cúig Staitisticí 46

Aguisín I – Tuarascáil ar Dheimhnithe ó Airí arna n-eisiúint faoi Alt 25 62

Liosta Foirne 63

Innéacs 64

Brollach

Déanaim leis seo mo chéad Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha alt 40(1)(c) de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Is é seo an séú Tuarascáil Bhliantúil atá curtha faoi bhráid i ndáil le hobair Oifig an Choimisinéara Faisnéise ó bunaíodh i 1998 í.

Emily O'Reilly
An Coimisinéir Faisnéise

Meitheamh 2004

1

Réamhrá

Is é seo mo chéad Tuarascáil Bhliantúil mar Choimisinéir Faisnéise, a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2003. Bliain dhúshlánach do m'Oifig a bhí ann i ndiaidh leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise i mí Aibreáin agus le tabhairt isteach na dtáillí, i mí Iúil, le haghaidh iarrataí áirithe arna ndéanamh faoin Acht.

Bhí an bhliain seo suntasach freisin le scor mo réamhtheachtaí, Caoimhín Ó Murchú, i mí an Mheithimh 2003. Is mian liom onóir a thabhairt do Chaoimhín a raibh cúram oifig an Ombudsman agus oifig an Choimisinéara Faisnéise air in éineacht. Ceapadh Caoimhín mar Choimisinéir Faisnéise nuair a thosaigh feidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise i mí Aibreáin 1998. Ní haon dóithín é oifig a bhunú ó neamhní dáiríre agus is go rathúil a leag Caoimhín, le cúnamh a fhoirne, na clocha boinn don Oifig ar a ndearna sé forbairt. Táim buíoch de Chaoimhín as an oidhreacht atá fágtha aige laistiar agus as an ról fíorthábhachtach atá glactha aige chun rathúlacht luath an Achta um Shaoráil Faisnéise a chinntiú. Guím gach rath agus séan air dá scor.

I mo Thuarascáil Bhliantúil sonraítear roinnt cásanna agus saincheisteanna suntasacha a tháinig chun solais i 2003. In éineacht le mo Thuarascáil Bhliantúil, táim ag foilsiú freisin mar dhoiciméad ar leith torthaí m'imscrúdaithe ar thionchar an Achta leasaithe agus ar thionchar an chórais táillí a tugadh isteach ina dhiaidh sin. Ó chuaigh mé i mbun oifige, thug mé le fios an rún a bhí agam an t-imscrúdú seo a dhéanamh d'fhonn an iarmhairt atá tar éis a bheith ag an reachtaíocht leasaithe ar oibriú agus spiorad na Saorála Faisnéise a shoiléiriú chomh cuimsitheach agus is féidir. Tá a fhios agam go mbeidh spéis mhór ag an bpobal i dtorthaí an staidéir seo.

Is é an toradh is follasaí ná an laghdú mór ar iarrataí Saorála Faisnéise ar fhaisnéis neamhphearsanta. Tá an laghdú braite ar fud gach earnála iarratasóra lena n-áirítear iriseoirí, lucht gnó, agus comhaltaí den

Oireachtas. Is fiú a thabhairt d'aire, áfach, go bhfuil difear déanta do chuid mhaith daoine eile a lorgaíonn faisnéis neamhphearsanta faoi nithe a bhaineann leo go díreach, mar shampla, na hiarratasóirí sin a bhfuil leas acu i bpleananna tógála scoile, in ospidéil, i bhforbraíochtaí foirgníochta, i ngnóthaí pleanála, i ngníomhartha údarás áitiúil agus mar sin de. Tá tuairisc mhion ar mo chuid torthaí go léir i mo thuarascáil imscrúdaithe atá le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifige freisin ag www.oic.ie .

Is é an ról atá agam mar Choimisinéir Faisnéise ná, i measc nithe eile, athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna conspóidithe Saorála Faisnéise agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú an Achta. I m'imscrúdú taispeántar go soiléir tionchar an Achta leasaithe agus go háirithe tionchar thabhairt isteach na dtáillí. Le tacaíocht na faisnéise sin, tá súil agam anois gur féidir leis an bpobal, leis an Oireachtas agus leis na meáin dul i mbun díospóireachta úire faoi nádúr na Saorála Faisnéise, faoina ról i ndaonlathas, faoin gcothromaíocht nach mór a bhaint amach idir leas an phobail agus cearta cothromaitheacha eile, agus thar aon ní eile, an féidir teacht ar chomhaontú fírinneach faoin tSaoráil Faisnéise agus tacaíocht ar fud na dteorainneacha polaitiúla a bhaint amach.

Bheadh sé mícheart, áfach, teacht ar an gconclúid nach bhfeidhmíonn an tAcht ar aon slí éifeachtúil a thuilleadh. Leis na hathruithe ní dhearnadh difear don cheart chun rochtain chuig faisnéis phearsanta a fháil agus ní tharraingíonn an ceart sin táille aitheantais. Tá mórán Éireann daoine ag baint úsáide as an Acht i gcónaí chun faisnéis a fháil faoina dtaifid mhíochaine, faoina bhfostaíocht, agus faoi raon nithe pearsanta eile a bhaineann leo féin. Ar an taobh neamhphearsanta de, tá na meáin, go háirithe, ag daingniú agus ag foilsiú méid mór faisnéise i gcónaí lena ngabhann leas an phobail mar atá sonraithe sa tuarascáil imscrúdaithe.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird freisin, ainneoin an Achta leasaithe, go leanann an tSaoráil Faisnéise tríd is tríd dá hionchorprú féin sa chóras riaracháin is leithne, ó ranna rialtais go boird sláinte, údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí. San imscrúdú taispeánadh i gcás na n-oifigeach a bhfuil an cúram orthu iarrataí Saorála Faisnéise a chur i gcrích go ndéanann siad é sin ar mhodh cóir agus freagrach agus tá fianaise ann a thaispeánann go bhfuil níos mó faisnéise á scaoileadh lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Seacht mbliana i ndiaidh rith an Achta bhunaidh, leantar de chultúr traidisiúnta rúndachta ár dtíre a scriosadh. In éineacht le córas riaracháin níos oscailte tá an pobal níos glóraí faoin ngá atá aige le níos mó trédhearcachta sa chinnteoireacht agus níos mó cuntasachta acu sin a thugann na breitheanna. Cé gur mheas cuid mhaith daoine gur chéim siar é an tAcht leasaithe maidir leis sin, táthar tar éis an chéim siar sin a chothromú go pointe ag pobal i bhfad níos éilithí agus é ag lorg cead aighnis níos mó sa phróiseas daonlathach agus san uirlis – faisnéis – chun lamháil dó an cead aighnis sin a bheith aige.

Ina dhiaidh sin agus eile, tá a fhios agam go bhfuil daoine sa chóras riarcháin i gcónaí a fhéachann ar an tSaoráil Faisnéise le hamhras, agus a chreideann go fírinneach gur féidir léi gníomhú mar bhac ar dhea-rialtas. Creidim gurb é an bealach is fearr chun dul i ngleic leis na hamhrais sin ná díospóireacht oscailte phoiblí fúthu a bheith ann ionas go ndéantar plé ar gach saincheist agus gur féidir breitheanna aibí eolacha a dhéanamh faoi thodhchaí na Saorála Faisnéise.

Mar a luaigh mé níos túisce, rannpháirtigh mé an bhliain seo mar Choimisinéir Faisnéise le Caoimhín Ó Murchú. Ar chúiseanna praiticiúla, le linn tagairt a dhéanamh sa Tuarascáil seo do bhreitheanna a eisíodh le linn 2003, tá tagartha agam do mo chuid gníomhartha agus do ghníomhartha Chaoimhín mar ghníomhartha a rinne mé féin. Ar an dul céanna, is ceart tagairtí sa Tuarascáil seo don Acht um Shaoráil Faisnéise a léamh mar thagairt don Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, mar atá leasaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, mura luaitear a mhalairt.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le m'Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan, agus le Fintan Butler, Dave Nutley, Anne Moran, Mary Byrne, Stephanie O' Connell agus John Doyle as an obair a rinne siad chun an Tuarascáil Bhliantúil seo a ullmhú.

2

An Bhliain faoi Athbhreithniú

2 An Bhliain faoi Athbhreithniú

Tiomsú Staitisticí

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite tráchtadh ar na deacrachtaí a bhí ag m'Oifig maidir le staitisticí a bhailiú ar an líon agus na cineálacha iarrataí arna ndéanamh le comhlachtaí poiblí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba é tuairim mo réamhtheachtaí ná gur ceart go mbeadh freagracht as bailiú, tiomsú agus foilsiú na staitisticí sin ar an Aire Airgeadais agus, i gcomhthéacs na moltaí an bhliain seo caite maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise a leasú, gur ceart go gceanglófaí ar chomhlachtaí poiblí figiúirí bliantúla a chur ar fáil don Aire Airgeadais.

Ar an drochuair, níor ionchorpraíodh an fhoráil sin san Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003. Chun críocha na Tuarascála seo, lorg m'Oifig staitisticí ó gach comhlacht poiblí faoi raon feidhme an Achta d'fhonn léargas a fháil ar ghníomhaíocht Saorála Faisnéise i 2003. Sholáthair roinnt comhlachtaí poiblí do m'Oifig figiúirí cearta iomchuí laistigh den sprioc ama a d'éiligh m'Oifig chun críocha foilsithe. I gcás comhlachtaí eile, áfach, níor chuir siad na figiúirí ar ais laistigh den sprioc ama éilithe, nó chuir siad figiúirí ar ais nach raibh "ceart", ar a scrúdú ag m'Oifig.

Cé go soláthraíonn roinnt comhlachtaí poiblí staitisticí do m'Oifig go díreach, soláthraíonn comhlachtaí eile iad do 'comhlacht tiomsaithe', .i. comhlacht poiblí atá tar éis a thoiliú staitisticí a thiomsú do roinnt comhlachtaí poiblí eile. Mar shampla, tiomsaíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil staitisticí le haghaidh na n-údarás áitiúil go léir. Is ábhar imní mór dom é dearcadh comhlachtaí poiblí áirithe i leith thiomsú staitisticí Saorála Faisnéise. Le teip roinnt comhlachtaí spriocanna ama socraithe m'Oifige a chomhlíonadh, ceanglaítear ar m'Oifig dul ar ais arís is arís eile chuig an gcomhlacht tiomsaithe a bhíonn ag déileáil leis na comhlachtaí lena mbaineann. Thairis sin, i gcás fadhbanna a bhíonn ag m'Oifig le figiúirí neamhchothroma teastaíonn obair bhreise, ar thaobh m'Oifige agus ar thaobh an chomhlachta tiomsaithe, d'fhonn teacht ar fhigiúirí deiridh ar féidir brath orthu le húsáid i mo Thuarascáil. Gan amhras, téann sé sin i gcion ar chumas m'Oifige na spriocanna ama a chomhlíonadh i dtéarmaí chríochnú agus fhoilsiú na Tuarascála, agus téann i gcion freisin ar ghnáthobair laethúil eile na foirne lena mbaineann, i m'Oifig agus sa chomhlacht tiomsaithe araon.

Aithním go n-éiríonn, i roinnt cásanna, earráidí sa taifeadadh staitisticí as athruithe pearsanra i gcomhlachtaí poiblí. Sa bhliain faoi athbhreithniú, agus i mblianta eile gan dabht, tuigim gur thug roinnt comhlachtaí faoi deara, go háirithe údaráis áitiúla, tar éis dóibh a bhfigiúirí míosúla a chur ar aghaidh chuig an gcomhlacht tiomsaithe iomchuí, go raibh earráidí sna figiúirí sin. Tar éis na leasuithe riachtanacha a dhéanamh ar a dtaifid féin, áfach, níor chuir na comhlachtaí lena mbaineann na hathruithe in iúl don chomhlacht tiomsaithe. Mar thoradh air sin chuir an comhlacht tiomsaithe figiúirí míchruinne faoi bhráid m'Oifige. I measc earráidí eile a raibh gá acu le míniú ó m'Oifig áiríodh gur áirigh comhlachtaí poiblí, i bhfigiúirí le haghaidh cásanna "idir lámha", na cásanna sin a bhí ag dul faoi athbhreithniú inmheánach, nó a bhí achomharctha leis an Oifig seo. Is léir go n-éiríonn fadhbanna breise i dtiomsú na bhfigiúirí deiridh le haghaidh bliana ar leith as an easpa tuisceana ag comhlachtaí poiblí áirithe ar an modh inar ceart staitisticí a thaifeadadh.

Is amhlaidh, faoi na socruithe láithreacha, nach mbíonn na staitisticí a bhíonn ar fáil maidir le húsáid agus cleachtas Saorála Faisnéise iontaofa

i gcónaí. Is léir go bhfuil na staitisticí a sholáthraíonn roinnt comhlachtaí poiblí níos iontaofa ná na staitisticí a sholáthraíonn comhlachtaí eile. Is trua agus is míshásúil an cás é.

Tuigim go bhfuil Aonad Polasaí Láir na Roinne Airgeadais ag dul i mbun chlár cruinnithe le comhlachtaí poiblí faoi láthair d'fhonn a gceanglais i ndáil le staitisticí a shoiléiriú. Ainneoin an tionscnaimh seo, d'athluafainn ábhair imní mo réamhtheachtaí faoin easpa ceanglais reachtúil ar chomhlachtaí poiblí staitisticí bliantúla a thiomsú. Arís, mholfainn go gcuirfí foráil leis an Acht um Shaoráil Faisnéise faoina n-éileofaí staitisticí bliantúla a chur ar fáil don Aire Airgeadais ag comhlachtaí poiblí.

Leibhéal Iarrataí le Comhlachtaí Poiblí

Le linn 2003 rinneadh 18,443 iarraidh éigin le comhlachtaí poiblí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Is ionann sin agus méadú de 1,247 (7%) ar 2002 agus 3,015 (20%) ar 2001. Cé go bhfuil an úsáid atá á baint as an Acht um Shaoráil Faisnéise ag dul i méid i gcónaí tá ráta an mhéadaithe sin laghdaithe beagán. D'fhéadfadh sé gurb é an chúis leis sin ná nár tugadh ach líon beag comhlachtaí poiblí breise faoi raon an Achta i 2003. Cé go bhfuil méadú tagtha ar iarrataí arna ndéanamh le comhlachtaí poiblí áirithe le freagracht as gnóthaí sláinte agus oideachais, mar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus roinnt Bord Sláinte, tugaim do m'aire go bhfuil an líon iarrataí arna bhfáil ag an gcuid is mó Rann agus Oifigí tite ó 2002 i leith. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar air sin ag an bhforchur táille i mí Iúil 2003 chun iarraidh Saorála Faisnéise a dhéanamh agus is rud é sin a ndéanaim trácht air i mo Thuarascáil imscrúdaithe atá á foilsiú ag an am céanna leis an Tuarascáil Bhliantúil seo. I mo Thuarascáil imscrúdaithe scrúdaítear, go mion, an tionchar atá imeartha ag leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise i 2003 ar na nósanna imeachta agus cleachtais a ghlacann comhlachtaí poiblí chun déileáil le hiarrataí Saorála Faisnéise, lena n-áirítear aon iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith imeartha ag tabhairt isteach na dtáillí.

Sa tábla thíos taispeántar na deich gcomhlacht phoiblí a ndearnadh an líon is mó iarrataí leo le linn 2003:

	2001	2002	2003
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	1,725	1,938	**2,736**
An Roinn Sláinte agus Leanaí	574	997	**834**
Bord Sláinte an Deiscirt	396	569	**782**
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	683	660	**636**
Bord Sláinte an Iarthair	501	565	**608**
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	553	670	**593**
Bord Sláinte an Iarthair Láir	232	291	**506**
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt	265	416	**476**
Bord Sláinte an Oirdheiscirt	287	297	**440**
Bord Sláinte an Iarthuaiscirt	386	351	**405**

Leanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta den líon is mó iarrataí a fháil. Dealraíonn sé go bhfaightear formhór na n-iarrataí sin ó iarchónaitheoirí Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin atá ag lorg rochana ar fhaisnéis faoina gcónaí sna hinstitiúidí sin.

Cé go bhfuil an líon iarrataí leis an Roinn Sláinte agus Leanaí tite ó 2002 i leith, dealraíonn sé go bhfuil an Roinn ag fáil líon mór iarrataí i gcónaí ó phearsana aonair maidir leis an am a chaith siad i ndílleachtlanna nó i saoráidí eile cúraim fhadtéarmaigh. I gCaibidil a Trí déanaim tagairt bhreise do chuid de na saincheisteanna in athbhreithnithe ag m'Oifig ar bhreitheanna de chuid an dá Roinn seo a bhain le taifid chúraim leanaí.

Is í an ghné is suntasaí d'fhigiúirí na bliana seo is ea an líon bord sláinte a bhfuil an líon iarrataí atá faighte acu faoin Acht ag dul i méid i gcónaí. Tá Bord Sláinte an Deiscirt agus Bord Sláinte an Iarthair tar éis breis is 1,300 iarraidh a fháil eatarthu i 2003. Ar an dul céanna, tá méaduithe sa líon iarrataí braite ag Bord Sláinte an Iarthair Láir, ag Bord Sláinte an Oirthuaiscirt agus ag Bord Sláinte an Oirdheiscirt sa raon ó 53% go 118% os cionn a bhfigiúirí do 2001. Baineann formhór mór na n-iarrataí a fhaigheann na Boird Sláinte sin le faisnéis phearsanta. Cé nach léir an chúis leis an méadú ar an líon iarrataí leis na Boird Sláinte sin, dealraíonn sé go bhféadfadh sé a bheith i ngeall ar raon fachtóirí, lena n-áirítear feasacht mhéadaithe ar chearta pearsan aonair faoin Acht agus saincheisteanna ábhartha éagsúla a bhaineann le Boird Sláinte aonair.

Cineál Iarratasóra

Déantar formhór na n-iarrataí Saorála Faisnéise ag gnáthdhaoine den phobal nó eagraíochtaí ionadaíochta (71%), fad a áirítear sna hearnálacha eile iarratasóra iriseoirí (13%), gnó (9%), foireann comhlachtaí poiblí (5%) agus comhaltaí den Oireachtas (2%). Tá na figiúirí gan athrú den chuid is mó ó 2002 cé go dtugaim do m'aire go bhfacthas i 2002 laghdú ar an leibhéal céatadánach iarrataí arna ndéanamh ag iriseoirí arb é 20% de na hiarrataí i 2001 é. Déantar na treochtaí seo a rianadh ar bhonn ráithiúil agus míosúil sa tuarascáil ar m'imscrúdú le déanaí a thugann léargas breise ar na patrúin sin.

Rátaí Scaoilte

Le linn 2003, géilleadh go hiomlán do 51% de na hiarrataí ar déileáladh leo ag na comhlachtaí poiblí go léir agus géilleadh i bpáirt do 19% eile. Ciallaíonn sé sin, ag lamháil don 2% d'iarrataí a aistríodh agus don 11% a tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, gur diúltaíodh 17% de na hiarrataí i 2003 i gcomparáid le 19% i 2002 agus 15% i 2001.

Mar a bhí i mblianta roimhe, tá difríochtaí idir na comhlachtaí poiblí agus a rátaí scaoilte. I dTábla 5, Caibidil a Cúig, taispeántar gur mó an claonadh a bhíonn ag na húdaráis áitiúla (58%), na boird sláinte (66%), na hinstitiúidí tríú leibhéal (54%) agus na hospidéil shaorálacha/ gníomhaireachtaí sláinte meabhrach/ comhlachtaí saorálacha (61%) géilleadh do scaoileadh iomlán ná mar a bhíonn ag a gcomhghleacaithe sa Státseirbhís agus i gcomhlachtaí eile (liostaithe i dTábla 11, Caibidil a Cúig) nach ngéilleann do scaoileadh iomlán ach i 37% agus 28% de na cásanna faoi seach. Leanann sé sin patrún a sainaithníodh i dTuarascáil na bliana seo caite. Cibé acu na bunchúiseanna leis an leibhéal is airde diúltaithe rochtana sa Státseirbhís agus i gcomhlachtaí eile, níl sé ach cóir é a thabhairt ar aird go bhfaigheann Ranna Rialtais agus comhlachtaí eile na Státseirbhíse san iomlán cion níos lú d'iarrataí ar fhaisnéis phearsanta (60% d'iarrataí i 2003) ná mar a fhaigheann boird sláinte (83% d'iarrataí i 2003). Tá sé spéisiúil a thabhairt faoi deara, áfach, cé nár bhain ach 28% de na hiarrataí a rinneadh le húdaráis áitiúla le

faisnéis phearsanta, gur ghéill siad go hiomlán do leibhéal ard iarrataí (58%) le linn 2003.

Iarratais ar Athbhreithniú le m'Oifig

I gcás nach bhfuil iarratasóir sásta le breith an chomhlachta phoiblí faoina (h)iarraidh saorála faisnéise féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh le m'Oifig ar athbhreithniú ar an mbreith sin. Sa chuid is mó cásanna, is ionann an t-athbhreithniú sin agus an tríú hanailís agus breith sa chás sin. Tá an bhreith a leanann ó m'athbhreithniú ina cheangal dlí agus ní féidir í a achomharc ach leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí.

Is é a bhí sa líon iarratas ar athbhreithniú a rinneadh le m'Oifig le linn 2003 ná 1,117 san iomlán. Léirigh sé sin méadú de 63% ar líon na bliana roimhe agus méadú de 78% ar líon 2001. Tá a leibhéal is airde ó thosach feidhme an Achta sroichte ag cion na gcásanna atá á n-achomharc le m'Oifig mar chéatadán de líon iomlán na n-iarrataí faighte ag comhlachtaí poiblí. Is é atá san fhigiúr do 2003 ná 6% agus is é a bhí ann ná 4% do 2002 agus 3.2% do 2001. Cé go bhfuil an chúis bheacht leis an méadú seo doiléir is dóigh liomsa go mínítear é leis an líon ard achomharc a bhaineann le Scoileanna Saothair, Scoileanna Ceartúcháin agus institiúidí eile cúraim stáit. Go háirithe, tá líon beag aturnaetha atá ag gníomhú thar ceann a gcliant ar iarchónaitheoirí institiúidí dá leithéidí iad den chuid is mó, tar éis líon mór achomharc a dhéanamh le m'Oifig. Sa tábla thíos tugtar achoimre ar líon iomlán na n-iarratas a fuair m'Oifig ar bhonn bliantúil i 2003. Le linn na bliana fuair m'Oifig isteach is amach le 464 iarratas a bhain le Scoileanna Saothair/Ceartúcháin nó le hinstitiúidí cúraim stáit le linn na míonna ó Mhárta go hIúil go príomha. Is é atá ansin ná thart ar 42% de na hiarratais go léir a rinneadh le m'Oifig i 2003. Tá sé sin i gcodarsnacht le figiúr de 86 nó 13% i 2002. Déanaim trácht níos mó ar mo thaithí ar bheith ag déileáil leis na cineálacha seo achomharc i gCaibidil a Trí.

Ghlac m'Oifig le 922 iarratas le linn na bliana, a bhfuarthas 866 díobh le linn 2003. Bhí na 36 chás eile ar glacadh leo i 2003 i measc na 47 n-iarratas faoi bhreithniú le haghaidh inghlacthachta ag deireadh 2002. Ag deireadh 2003, bhí breith ar inghlacthacht le haghaidh athbhreithnithe le déanamh fós i gcás 56 iarratas a rinneadh i dtreo dheireadh na bliana.

Iarratais le m'Oifig i 2003 (bonn míosúil)



Iomlán: 1,117

Táillí chun iarrataí a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 ("Acht 2003"), déantar socrú i dtaobh 'táille aitheantais' a fhorchur chun iarrataí áirithe Saorála Faisnéise a dhéanamh. I mí Iúil 2003 rinne an tAire Airgeadais rialacháin lena leagtar amach méid na dtáillí sin. Tugtar sonraí thíos faoi na táillí, a bhfuil feidhm acu leis an iarraidh thosaigh, leis an iarraidh ar athbhreithniú inmheánach agus leis an athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise. Thairis sin, foráiltear faoi Acht 2003 go n-íocfar an táille ag tráth déanta na hiarrata agus "mura n-íoctar sin, [go n]diúltóidh ceann an chomhlachta phoiblí nó, mar a d'fhéadfadh a bheith i gceist, an Coimisinéir glacadh leis an iarraidh nó iarratas ...". Faoi Acht 2003 freisin, áfach, foráiltear go bhfuil iarraidh ar thaifead nó ar thaifid ina bhfaightear amháin "faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir" díolmhaithe ón 'táille aitheantais', maidir leis an iarraidh thosaigh agus le haon hathbhreithniú inmheánach iardain nó athbhreithniú iardain ag an gCoimisinéir Faisnéise. Sa reachtaíocht foráiltear freisin go n-aisíocfar méid na táille i gcás go n-íoctar táille agus, ina dhiaidh sin, go dtarraingítear siar an iarraidh nó an t-iarratas ar athbhreithniú inmheánach nó ar athbhreithniú leis an gCoimisinéir.

Cé go ndealródh sé gurb é rún Acht 2003 ná nach mbeidh aon táillí ann le haghaidh "faisnéis phearsanta" tá foclaíocht na rialachán tar éis deacrachtaí a chothú do m'Oifig maidir lena chinneadh an bhfuil táille infheidhme le hiarraidh nó iarratas ar leith. Is é an frása a úsáidtear san Acht chun go mbeidh iarraidh nó iarratas díolmhaithe ó tháille ná "nach bhfaightear ann ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir", (béim á cur agam ar na focail le líne fúthu). Tá an frása "... a bhaineann le ..." oscailte do léirmhínithe éagsúla a d'fhéadfadh an iliomad cásanna a ardú. Go háirithe, an éilíonn an tAcht íoc taille i gcás gurb é an t-iarratasóir tuismitheoir nó caomhnóir mionaoisigh agus gur taifid den mhionaoiseach iad na taifid atáthar a lorg?; nó an éilítear íoc táille i gcás gurb é an t-iarratasóir céile nó neasghaol duine éagtha agus gur taifid den duine éagtha iad na taifid atáthar a lorg? Ar an dara dul síos, an éilíonn an reachtaíocht íoc táille i gcás go bhfuil an t-iarratasóir ag lorg taifead arb ionann iad agus faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir agus pearsa nó pearsana aonair eile?

Géaraítear na deacrachtaí tuilleadh sa mhéid tríd is tríd go bhfaightear in iarratais ar athbhreithniú arna bhfáil ag m'Oifig fíorbheagán faisnéise maidir leis na taifid chruinne atá á lorg agus, i líon mór cásanna, go dtugtar faisnéis neamhleor chun a chinneadh an bhfaightear sna taifid "faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir" amháin. I gcásanna dá leithéidí mar sin, is deacair a chinneadh an bhfuil táille infheidhme. Faoi fhorálacha an Achta tá toirmeasc orm glacadh le hiarratas, i gcás go bhfuil táille infheidhme, mura bhfuil an táille íoctha.

Le linn ár bplé ar na saincheisteanna seo, d'iarr Aonad Polasaí Láir (APL) na Roinne Airgeadais ar m'Oifig tráchtadh ar dhréacht de nóta treoraithe atá beartaithe aige a eisiúint chuig comhlachtaí poiblí ar cheist na dtáillí "aitheantais". D'fhreagair mé don APL i mí na Samhna 2003 agus dhírigh aird ar na deacrachtaí, dar liom, a chothaigh an fhoclaíocht do m'Oifig agus do gach comhlacht poiblí. I ndiaidh cruinnithe le hionadaithe den APL i mí Eanáir 2004 thoiligh an APL breithniú a dhéanamh ar an ngnó tuilleadh. Ag tráth scríofa na tuarascála seo táim ag feitheamh le freagairt ón APL.

Idir an dá linn, bhí gá agam le breithniú a dhéanamh ar an mbeart is fearr le glacadh mar fhreagairt ar an líon mór iarratas ar athbhreithniú faoi mo bhráid nuair nach léir an mbaineann an t-

iarratas le taifid "nach bhfaightear [iontu] ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir". Tá cinnte agam, ar feitheamh thoradh breithniúcháin ag an APL, dhá rogha a thabhairt d'iarratasóirí. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh siad an táille iomchuí a íoc agus má thagann sé chun solais nach raibh táille iníoctha go n-aisíocfaidh m'Oifig an táille. Ar an dara dul síos, féadfaidh siad an rogha a dhéanamh a n-iarratas a chur ar coinneáil ar feitheamh soiléirithe i dtaobh cásanna ina bhfuil "faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir" amháin le fáil sa taifead nó sna taifid. Tuigim gur staid mhíshásúil d'iarratasóirí le m'Oifig é seo. Mar sin féin, tá breithniú cúramach déanta ag m'Oifig ar an tsaincheist seo leis an aidhm forálacha na reachtaíochta a chur chun feidhme ar mhodh cóir agus ceart. Sa chás seo ní fheicim aon bhealach eile ach dul ar aghaidh sa mhodh tuairiscthe go dtí go ndéantar an tsaincheist a shoiléiriú.

Táillí le haghaidh Faisnéise 'Neamhphearsanta'*

	Táille	Táille le haghaidh Sealbhóra Cárta Míochaine agus cleithiúnaithe
Iarraidh Thosaigh	€15	€10
Athbhreithniú Inmheánach ag Comhlacht Poiblí	€75	€25
Achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise	€150	€50
Achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise ag Tríú Páirtí i gcásanna 'alt 29'	€50	€50

*• Níl aon táille ann le haghaidh iarrataí, iarratas ar athbhreithniú inmheánach leis an gCoimisinéir Faisnéise i gcás taifead "nach bhfaightear ann/iontu ach faisnéis phearsanta a bhaineann" leat féin.

- Níl aon táille ann chun faisnéis phearsanta mhícheart a athrú (alt 17 den Acht um Shaoráil Faisnéise), nó chun cúiseanna a fháil le breitheanna arna dtabhairt ag comhlachtaí poiblí a dhéanann difear don duine aonair (alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise).

- Níl aon táille ann chun a achomharc a dhéanamh ar bhreith chun táille nó éarlais a fhorchur.

Táillí Cuardaigh agus Aisghabhála

Is féidir táille a ghearradh ar iarratasóirí freisin don am a chaitear ag aisghabháil taifead a thugtar dóibh (€20.95 in aghaidh na huaire), agus d'aon chostais fhótachóipeála arna dtabhú ag an gcomhlacht poiblí chun ábhar a chur ar fáil don iarratasóir (4 cent in aghaidh na bileoige). Ní dócha go dtiocfaidh costais dá leithéid chun solais i gcás faisnéise pearsanta. Ní féidir táille a ghearradh ar iarratasóirí don am a chaitear chun cinneadh a dhéanamh géilleadh nó gan ghéilleadh dá n-iarraidh..

Táillí Faighte

Tháinig an forchur táille le haghaidh iarratas áirithe ar athbhreithniú le m'Oifig i bhfeidhm ar an 7 Iúil 2003. Idir an dáta sin agus deireadh na bliana fuair m'Oifig 91 iarratas ar athbhreithniú inar íocadh táille. Is é an t-iomlán a fuair m'Oifig i dtáillí i 2003 ná €10,925. Rinneadh aisíocaíochtaí de €250 i leith ró-íocaíochtaí táillí. Eisíodh aisíocaíochtaí de €450 san iomlán i leith trí chás a tarraingíodh siar tar éis gur ghlac m'Oifig leis an athbhreithniú.

Le linn na bliana ní raibh a fhios ag cuid mhaith daoine go raibh táille iníoctha i ndáil le hiarratas a bhain le hiarraidh ar rochtain ar thaifid "neamhphearsanta". I 159 gcás scríobh m'Oifig chuig an iarratasóir á c(h)ur ar an eolas go raibh táille infheidhme ina c(h)ás. I 48 gcás tharraing an t-iarratasóir siar an eilimint "neamhphearsanta" dá (h)iarratas agus thug le fios go raibh sé nó sí ag lorg rochtana ar thaifead/thaifid "nach bhfaightear ann/iontu ach faisnéis phearsanta a bhaineann" leis/léi. Mar sin, sna cásanna sin glacadh leis an iarratas ar athbhreithniú gan íocaíocht.

Tá trácht déanta agam in áit eile go bhféadfadh sé go ngníomhódh cineál forásach na dtáillí mar mhídhreasacht d'iarratasóirí atá ag baint úsáide as a gceart achomhairc. I gcás go ndiúltaítear a n-iarrataí d'fhéadfadh sé go gcuirfí iad ó iarratas ar athbhreithniú inmheánach nó ar achomharc le m'Oifig a dhéanamh. Le scála na dtáillí d'fhéadfadh sé go n-athchumfaí an pháirc imeartha chothrom dá ndéantar socrú san Acht agus ina theannta sin tá sé i gcodarsnacht le Teideal Fada an Achta um Shaoráil Faisnéise mar a ndeir sé gurb é an cuspóir atá leis ná a chumasú do dhaoine den phobal rochtain a bheith acu chuig faisnéis a mhéid is féidir é. Tá tuilleadh tráchta déanta agam ar thionchar na dtáillí agus ar iarmhairtí na reachtaíochta leasaithe le déanaí sa Tuarascáil ar m'imscrúdú le déanaí atá á foilsiú ag an am céanna leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Athbhreithniú ar Bhreitheanna

Le linn na bliana rinne mé athbhreithniú ar 728 mbreith de chuid comhlachtaí poiblí. I dtéarmaí athbhreithnithe próiseáilte ag m'Oifig, léirigh sé sin méadú de 36% thar an ráta críochnaithe cásanna do 2002. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do m'fhoireann as an méadú mór ar aschur i 2003. Ag tús na bliana bhí 602 athbhreithniú san iomlán idir lámha ag m'Oifig agus glacadh le 922 athbhreithniú bhreise le linn 2003. Is é an líon iomlán athbhreithnithe a bhí idir lámha ag deireadh 2003 ná 796.

Cé go bhfuilim thar a bheith sásta leis an méadú mór in aschur cásanna, is ábhar imní i gcónaí é méid an riaráiste cásanna. Is é atá i bhformhór mór na gcásanna sin ná achomhairc a fuair m'Oifig roimh Aibreán 2002. Déanaim trácht anseo thíos ar an líon cásanna atá críochnaithe laistigh den teorainn ama atá leagtha síos ag an Acht um Shaoráil Faisnéise.

Am a Chaitear le hAthbhreithnithe a Chríochnú

Chríochnaigh m'Oifig 728 n-athbhreithniú i 2003. As na 728 n-athbhreithniú sin, cásanna a fuarthas i 1999 a bhí i sé cinn díobh, cásanna a fuarthas i 2000 a bhí i 63 cinn díobh, cásanna a fuarthas i 2001 a bhí 81 cheann díobh agus cásanna a fuarthas i 2002 a bhí i 144 cinn díobh. Is é a bhí sa 434 athbhreithniú eile a críochnaíodh ná cásanna a fuarthas i 2003.

Sular leasaíodh é, foráladh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise go raibh athbhreithnithe le m'Oifig le críochnú a luaithe is indéanta agus tráth nach déanaí ná trí mhí ó fháil an iarratais. Faoin leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, le héifeacht ón 11 Aibreán 2003, fairsingíodh an teorainn ama do chríochnú athbhreithnithe go ceithre mhí.

Fuarthas agus glacadh le 886 athbhreithniú san iomlán i 2003, le 434 díobh críochnaithe le linn na bliana. Críochnaíodh 256, nó 59%, de na hathbhreithnithe sin laistigh den sprioc ama dá ndéantar socrú san Acht um Shaoráil Faisnéise. Cé gur ábhar aiféala é nár comhlíonadh an sprioc ama sna cásanna eile is ceart a thabhairt ar aird go bhféadfadh saincheisteanna casta agus/nó líon mór taifead a bheith i gceist i roinnt athbhreithnithe, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin, rud a d'fhéadfadh i bhfad níos mó

ama a ghlacadh chun iad a thabhairt chun conclúide ná an teorainn ama ceithre mhí a shamhlaigh an tOireachtas.

Toradh Athbhreithnithe

Ní raibh eisiúint breitheanna foirmiúla mar thoradh ar gach ceann de na hathbhreithnithe a críochnaíodh: scoradh de chuid díobh, tarraingíodh siar cuid díobh agus cuireadh socrú i gcrích i gcuid eile.

Breitheanna Foirmiúla

Le linn 2003, d'eisigh mé 324 bhreith fhoirmiúla, méid a sheasann do 44% de na cásanna go léir a ndearnadh athbhreithniú orthu. I 270 (83%) de na cásanna sin, dhearbhaigh mé breith an chomhlachta phoiblí agus d'athraigh mé an bhreith sa chuid eile. Cuirtear sin i gcomparáid le 166 bhreith (73%) a dearbhaíodh i 2002 agus 167 (76%) i 2001. Sa mhéid go bhfuil an figiúr sin tar éis méadú 10% don bhliain seo d'fhéadfadh sé go gciallaíonn sé sin, i gcásanna ina raibh gá le breith fhoirmiúil, go raibh an cur chuige don chinnteoireacht laistigh de chomhlachtaí poiblí ceart tríd is tríd. D'fhéadfadh sé freisin go bhfuil an méadú inchurtha síos don líon mór achomharc a bhaineann le Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin. I gcion mór de na hachomhairc sin áirítear breitheanna ag comhlachtaí poiblí nach ann do na taifid a lorgaítear nó nach féidir iad a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a bheith glactha chun a fháil amach cá bhfuil siad. I ndiaidh imscrúdaithe ar na cásanna sin ag m'Oifig tá breith an chomhlachta phoiblí dearbhaithe i bhformhór mór na gcásanna.

Socruithe

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise foráiltear gur féidir liom, ag aon chéim le linn athbhreithnithe, iarracht a dhéanamh socrú a chur i gcrích idir na páirtithe ar na taifid atá le scaoileadh. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé go dtoileodh na hiarratasóirí fócas an athbhreithnithe a chúngú trí chomhaontú ar thaifid a eisiamh nach gcuirfidh aon luach nó nach gcuirfidh ach beagán luacha leis an bhfaisnéis atá á lorg acu. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go gcomhaontófaí go scaoilfí taifid bhreise lasmuigh de raon na hiarrata bunaidh gan gá le breith fhoirmiúil uaimse sa chás. Mar is gnách, spreagfainn comhlachtaí poiblí, le linn dóibh déileáil le hiarrataí, chun dul i mbun plé go díreach le hiarratasóirí d'fhonn teacht ar shocruithe sna cásanna sin ina bhfuil géilleadh iomlán don iarraidh neamhdhóchúil.

Le linn 2003, socraíodh 154 chás. Sin 21% de na hathbhreithnithe go léir a críochnaíodh i 2003, i gcomparáid le 25% i 2002 agus 16% i 2001.

Fáiltím roimh an líon mór socruithe a idirbheartaíodh ag m'Oifig le comhoibriú na n-iarratasóirí agus comhlachtaí poiblí páirteacha. I gcásanna cuí, creidim nuair a scrúdaítear an acmhainneacht maidir le teacht ar shocrú go léirítear úsáid éifeachtúil acmhainní - go háirithe i gcomhthéacs an ghá le comhoibriú, a mhéid is féidir, laistigh den fhráma ama a shamhlaítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

I measc socruithe ar chomhaontaigh na páirtithe orthu i ndiaidh caibidlí le foireann m'Oifige le linn na bliana seo caite áirítear:

- Cás inar thoiligh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí freagairtí ar liosta fadréimseach ceisteanna a bhain le sonraí faoi phríosúin na hÉireann a sholáthar gan táille a ghearradh do chuardach agus aisghabháil na faisnéise iomchuí (d'fhéadfadh sé go raibh feidhm ag táille faoin Acht).

- Cás ina bhfuair RTÉ iarraidh ar gach taifead a bhain lena ioncam ó chuideachtaí príobháideacha chun ceann dá tharchuradóirí a úsáid. Chreid RTÉ go bhféadfadh sé go raibh cuid den fhaisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de. D'ofráil RTÉ figiúirí a sholáthar maidir le

hioncam foriomlán don bhliain. Bhí an togra sin inghlactha don iarratasóir agus socraíodh an cás.

- Cás inar thoiligh Seirbhísí Faisnéise Rialtais Roinn an Taoisigh miontuairiscí cruinnithe de Phreas-Oifigigh Rialtais a scaoileadh le roinnt mionscriostaí a bhí inghlactha don iarratasóir. Tharla sé sin i ndiaidh litreach ó m'Oifig inar tugadh le fios don Roinn gur dhealraigh sé gur beag an foras a bhí ann chun rochtain ar na taifid a dhiúltú.

- Cás inar thoiligh Eircom, a raibh cruinnithe tar éis a bheith aige leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, miontuairiscí na gcruinnithe a scaoileadh fad a bhí sé in ann ráiteas tionlacain a sholáthar don iarratasóir inar soiléiríodh an tsaincheist ar tuairiscíodh uirthi sna miontuairiscí.

Tarraingthe siar/Scortha de

I 2003, rinneadh 30% de na cásanna a tharraingt siar ag na hiarratasóirí, i ndiaidh caibidlí le baill de m'fhoireann de ghnáth. Tá an patrún sin tríd is tríd cosúil le blianta roimhe: 29% i 2002 agus 30% i 2001. Is é a bhí sa líon cásanna ar scoradh díobh ná líon faoi bhun 5% i 2003, i gcomparáid le 4% don dá bhliain roimhe sin araon.

Ábhar Athbhreithnithe

Tá ábhar na n-athbhreithnithe a nglacann m'Oifig leo gan athrú den chuid is mó ó thosach feidhme an Achta.

Éiríonn formhór mór na n-achomharc as rochtain ar thaifid a dhiúltú. Bhain 87%, nach mór, de na hathbhreithnithe go léir i 2001 agus 2002 le diúltuithe ar an mbonn sin. I 2003, áfach, d'ardaigh an figiúr sin beagán go 92% de na cásanna go léir. Is é a bhí in achomhairc ag tríú páirtithe, ag agóid i gcoinne scaoileadh faisnéise fúthu nó arna soláthar acu, ná 3% san iomlán i 2003 i gcomparáid le 5% nach mór i 2002 agus 7% i 2001.

Rinneadh athbhreithnithe ar leasú taifead a laghdú beagán freisin go 2% i 2003 i gcomparáid le 4.1% i 2002 agus 3.4% i 2001. Is é a bhí sna hathbhreithnithe ar bhreitheanna faoi alt 18 (ráiteas cúiseanna le 'gníomh' de chuid comhlachta phoiblí) ná 2.6% i 2001, 3.7% i 2002 agus 2% i 2003. Lean líon na n-athbhreithnithe ar bhreitheanna chun táille a ghearradh de bheith ina chéatadán an-bheag d'iarratais glactha sa raon ó 1% i 2003 go 0.5% i 2002 agus 0.2% i 2001. (Folaíonn an figiúr do 2003 achomhairc i ndáil le breith chun táille a ghearradh le haghaidh chuardach agus aisghabháil taifead agus an bhreith maidir le táille 'aitheantais' a ghearradh chun iarraidh a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.)

Fógraí Reachtúla

Tá áthas orm a rá go bhfuil formhór na gcomhlachtaí poiblí tar éis comhoibriú go hiomlán le m'Oifig i ndáil le soláthar pras taifead agus ráiteas cúiseanna. Táim an-bhuíoch as an leibhéal ard comhoibrithe seo go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil cuid mhaith comhlachtaí poiblí ag oibriú in imthosca deacra agus faoi roinnt mhaith brúnna.

Tá sainfhorálacha san Acht i ndáil le taifid agus faisnéis a chur ar fáil don Choimisinéir Faisnéise, mar shampla, eisiúint le fógra faoi alt 37 do cheann an chomhlachta phoiblí á cheangal air nó uirthi faisnéis agus/nó taifid a thabhairt agus an cumhacht maidir le dul isteach in áitreabh atá á áitiú ag comhlacht poiblí. Féadfaidh mé dul ar aghaidh agus breith a thabhairt gan tagairt tuilleadh do chomhlacht poiblí i gcás gur mhainnigh sé freagairt laistigh den fhráma ama sonraithe.

Cásanna inar eisíodh fógraí faoi alt 35 agus alt 37 chuig comhlachtaí poiblí i 2003

Comhlacht Poiblí	Fógraí faoi alt 37 a eisíodh	Fógraí faoi alt 35 a eisíodh
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	0	1
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	2	0
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	0	1
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann	1	0
Bord Sláinte an Oirdheiscirt	1	0
Iomlán	**4**	**2**

Ar an dul céanna, faoi alt 35 den Acht foráiltear, i gcás go measaim nach leor ráiteas maidir leis na cúiseanna atá le breith Saorála Faisnéise, go "[n-]ordóidh mé don cheann lena mbaineann ráiteas i scríbhinn a thabhairt ... ina mbeidh aon fhaisnéis bhreise i ndáil leis na nithe sin atá faoi chumhacht nó faoi rialú an chinn". Ní mór ráiteas dá leithéid a chur ar fáil tráth nach déanaí ná trí seachtaine tar éis é a bheith lorgtha. I 2002 eisíodh 12 fhógra san iomlán faoi alt 37, agus 3 fhógra faoi alt 35, agus i 2003 is é a bhí sna figiúirí comhfhreagracha ná 4 agus 2, faoi seach.

Formáid na mBreitheanna

Sa chéad dá bhliain nó trí bliana de m'Oifig a bheith ann, bhí an claonadh ann go raibh cuid mhaith de na breitheanna fada agus mionchruinn. Roghnaíodh an fhormáid sin go comhfhiosach mar go raibh sé tábhachtach go ndéanfadh an Oifig a húdarás a shuíomh trí raon breitheanna a thabhairt a ndearnadh taighde agus cur i láthair maith orthu ag déileáil ar bhealach éifeachtach agus cuimsitheach le cuid mhaith de na mórcheisteanna a ardaíodh leis an Acht um Shaoráil Faisnéise. Scríobhadh na breitheanna "fadfhormáide" sin d'fhonn treorú a sholáthar do chinnteoirí agus chleachtóirí Saorála Faisnéise, lena n-áirítear foireann m'Oifige féin. Le blianta beaga anuas, áfach, tá an fhormáid athraithe go breitheanna níos simplí agus níos gaire i bhfoirm litreach. Leis an bhformáid seo lamháiltear breitheanna a thabhairt ar bhonn níos tapúla. Tá luach fasaigh ag cuid mhaith de na breitheanna i bhfoirm litreach agus féadfaidh siad a bheith casta freisin chun seasaimh a fhorbairt maidir le saincheisteanna nach bhfuil breithniú déanta orthu roimhe. Ar an ábhar sin, táim tar éis leanúint de líon mór breitheanna i bhfoirm litreach a chur le láithreán gréasáin m'Oifige (www.oic.ie) le linn 2003 sa mhéid go bhfuil, in éineacht leis na breitheanna "fadfhormáide" go léir, teacht ar bhreis is céad breith i bhfoirm litreach trí thagairt don alt iomchuí den Acht nó eile. Bheinn ag súil go bhfónfadh an acmhainn seo do chomhlachtaí poiblí agus d'úsáideoirí Saorála Faisnéise.

Fiosruithe Ginearálta ar dhéileáil m'Oifig leo

Rinneadh 104 fhiosrú i scríbhinn agus 1,090 fiosrú bealach teileafóin leis an Oifig i 2003 ar déileáladh leo faoin earnáil fiosruithe ginearálta. Ní bhaineann siad sin le haon athbhreithniú ar leith agus baineann siad go tipiciúil le hiarrataí ar fhaisnéis faoi m'Oifig nó faoi oibriú an Achta chomh maith le nithe lasmuigh de mo shainchúram mar Choimisinéir Faisnéise.

Achomhairc leis an Ard-Chúirt

Féadfaidh páirtí in athbhreithniú, nó aon duine eile a ndéanann mo bhreith difear dó nó di, achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar phointí dlí. I ndiaidh leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise i 2003 níl breith na hArd-Chúirte críochnaitheach a thuilleadh agus is féidir í a achomharc leis an gCúirt Uachtarach.

I 2003, tionscnaíodh trí achomharc san Ard-Chúirt. Cé nach raibh na hachomhairc sin éiste faoi thréimhse luath 2004, thug an Ard-Chúirt breithiúnas i dtrí chás a bhí ar feitheamh i 2003 fad a tharraing achomharcóir siar achomharc eile. Tá trácht déanta agam ar dhá cheann de na breithiúnais a thug an Ard-Chúirt igCaibidil a Trí. Amhail ar an 31 Nollaig 2003 bhí ocht n-achomharc ar mo bhreitheanna ar feitheamh breithiúnais ag an Ard-Chúirt. I mí Eanáir 2004 thug an Ard-Chúirt breithiúnas i gceann de na cásanna sin.

Comhlachtaí Nua faoi Raon Feidhme an Achta

Tugadh líon réasúnta beag comhlachtaí poiblí faoi raon feidhme an Achta i 2003. Tá an líon iomlán atá clúdaithe ag an Acht anois gar do 400, i gcomparáid le 67 nuair a thosaigh feidhm an Achta i mí Aibreáin 1998.

I mí na Samhna 2003, rinne an tAire Airgeadais raon an Achta a fhairsingiú chuig cúig ghrúpa fíoraithe feidhmíochta, is iad sin Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse; an Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta Dlí agus Cirt agus Comhionannais; Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na hEarnála Oideachais; Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Seirbhíse Sláinte; agus an Grúpa Fíoraithe Feithmíochta – Earnáil Rialtais Áitiúil.

Tugadh dhá chomhlacht bhreise – an Coimisiún um Thithe an Oireachtais agus an tÚdarás Náisiúnta um Fhorbairt Turasóireachta – faoi raon feidhme an Achta ag a reachtaíocht bhunaithe féin i 2003. Tagann an comhlacht deiridh sin in ionad Bhord Fáilte agus CERT, a bhí ina gcomhlachtaí poiblí roimhe chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Tá liosta iomlán de na comhlachtaí poiblí go léir atá clúdaithe le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifige www.oic.ie .

Feasacht an Phobail agus Dea-Chleachtas a Chur Chun Cinn

Feidhm thábhachtach de chuid m'Oifige is ea feasacht ar choincheap na Saorála Faisnéise a chur chun cinn, in éineacht le tuairimí na hOifige a nochtadh i dtaobh roinnt mhaith saincheisteanna tábhachtacha a éiríonn as iarrataí. Feadh 2003 ar fad bhuail mé féin agus m'fhoireann le grúpaí éagsúla chun plé a dhéanamh ar choincheap na Saorála Faisnéise agus ar chur chuige na hOifige seo i leith athbhreithnithe ar bhreitheanna comhlachtaí poiblí a láimhsiú. Rinne m'fhoireann aighneachtaí le roinnt eagraíochtaí lena n-áirítear Comhairle, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, London Transport agus toscaireacht d'oifigigh rialtais ó thíortha i mbéal forbartha. Cuireann an Oifig freisin le cúrsaí oiliúna rialta le haghaidh cinnteoirí Saorála Faisnéise ar fud na seirbhíse poiblí arna rith ag an Lárionad Forbartha um Bainistíocht agus Eagrúchán sa Roinn Airgeadais. Thug Coimisiniéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe, Mr Richard Thomas, agus Coimisinéir Faisnéise na hAlban, Mr Kevin Dunion, cuairt orm. Tá m'fhoireann tar éis bualadh freisin leis na hOifigigh Idirchaidrimh Shaorála Faisnéise a ceapadh le haghaidh comhlachtaí poiblí chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachta ginearálta ag éirí as an bpróiseas cinnteoireachta.

Ó chuaigh mé i mbun Oifige tá aighneachtaí tugtha agam ag roinnt ócáidí lena n-áirítear an Dara Comhdháil Bhliantúil ar Shaoráil Faisnéise ag an Scoil Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Cúigiú Comhdháil Bhliantúil de Roinn an Rialtais, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, agus comhdháil Public Affairs Ireland mar ar nocht mé mo dhearcadh i leith an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003.

Deimhnithe arna n-eisiúint ag Comhlachtaí Poiblí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

I ndiaidh leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise tá an fhéidearthacht ann go n-eiseoidh comhlachtaí poiblí áirithe deimhnithe anois faoi thrí alt dhifriúla den Acht. Tríd is tríd, le heisiúint deimhnithe dá leithéidí i ndáil le taifead lamháiltear do chomhlachtaí poiblí diúltú rochtain ar an taifead sin a thabhairt i ndiaidh iarrata faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Faoi ailt 20(1A)(d) agus 25(11) den Acht um Shaoráil Faisnéise foráiltear go dtabharfar don Choimisinéir Faisnéise tuarascáil ina sonraítear líon na ndeimhnithe sin a eisíodh, más ann.

Alt 19

Faoi alt 19 déantar cosaint ar thaifid a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComh-aireacht. I ndiaidh leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise i 2003 folaíonn an sainiú ar Rialtas, in imthosca áirithe, coiste oifigeach arna ndeimhniú ag an Ard-Rúnaí don Rialtas. Faoi alt 19(4) den Acht foráiltear go dtabharfaidh an tArd-Rúnaí don Rialtas gach bliain tuarascáil i scríbhinn don Choimisinéir ina sonraítear líon na ndeimhnithe a d'eisigh sé nó sí.

Tá curtha in iúl dom ag an Ard-Rúnaí don Rialtas nach bhfuil aon deimhnithe dá leithéidí eisithe aige i 2003.

Alt 20

Faoi alt 20 den Acht díolmhaítear ó scaoileadh taifid áirithe a bhaineann le próisis phléite comhlachta phoiblí. Faoi alt 20 lamháiltear d'Ard-Rúnaí Roinne Stáit deimhniú a eisiúint i scríbhinn á dhearbhú go bhfuil "ábhar sa taifead áirithe a bhaineann le próisis phléite Roinne Stáit". I ndiaidh comhairliúchán le gach Ard-Rúnaí tá curtha in iúl dom nár eisíodh aon deimhnithe faoi alt 20 i 2003.

Alt 25

I gcás go bhfuil Aire den Rialtas sásta go bhfuil taifead díolmhaithe de bhun alt 23 (maidir le forfheidhmiú an dlí nó sábháilteacht an phobail) nó de bhun alt 24 (maidir le slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus, i gcás go bhfuil an tAire sásta go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromaí chun gur chóir dó nó di déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí, trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 25(1), a dhearbhú go bhfuil an taifead sin díolmhaithe ó fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ní mór d'aon Aire a eisíonn deimhniú dá leithéid tuarascáil a chur ar fáil dom gach bliain ina sonraítear líon na ndeimhnithe a d'eisigh sé nó sí sa bhliain roimhe agus na forálacha d'alt 23 nó 24 den Acht um Shaoráil Faisnéise a raibh feidhm acu leis an taifead díolmhaithe nó leis na taifid dhíolmhaithe. Ina dhiaidh sin, tá iallach orm faoi alt 40(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise cóip d'aon tuarascáil dá leithéid a chur mar fhoscríbhinn le mo Thuarascáil Bhliantúil den bhliain inar eisíodh an deimhniú nó na deimhnithe.

Cé nár eisigh aon Aire aon deimhnithe nua i 2003, d'athnuaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí deimhniú ar an 8 Lúnasa 2003 ar feadh dhá bhliain eile. Cuirim i gceangal cóip den deimhniú in Aguisín I.

Bainistíocht Taifead

Le linn 2003 chuir m'Oifig tús le hathbhreithniú ar na socruithe atá i bhfeidhm do choinneáil agus chomhdú na dtaifead leictreonach agus cruachóipe go léir. Áiríodh san athbhreithniú sainaithint feabhsuithe féideartha ar an tslí ina ndéantar ár dtaifid a bhainistiú agus maidir leis sin chuaigh m'Oifig i gcomhairle le roinnt comhlachtaí poiblí eile agus freisin d'fhostaigh sí cúnamh comhairleach seachtrach le saineolas sa réimse seo. Mar thoradh, táirgeadh lámhleabhar oibríochta do bhainistíocht taifead chun treorlínte a thabhairt do gach ball foirne ar conas is ceart gach taifead a chruthaítear agus a fhaightear a chomhdú agus cá fhad is ceart iad a choinneáil. Ina theannta sin, tá post páirtaimseartha Bainisteora Taifead cruthaithe agus tugtha d'Imscrúdaitheoir láithreach d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus d'fhonn a chinntiú go gcloíonn gach ball foirne leis na socruithe nua.

Soláthar Foirne

Ag tús 2003 bhí a comhlánú iomlán de dhá Imscrúdaitheoir déag agus beirt Imscrúdaitheoirí Sinsearacha ag m'Oifig. Le linn na bliana, áfach, d'fhág Larry Dunne, Imscrúdaitheoir, an Oifig ar ardú céime. Guím gach rath air sa ghairmréim atá roimhe.

3

Saincheisteanna a thagann chun solais

3 Saincheisteanna a thagann chun solais

Le bliain anuas tháinig roinnt saincheisteanna chun solais i ndáil le hoibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise, ag cuimsiú próiseáil iarrataí ag comhlachtaí poiblí, an tslí ina ndéileálann m'Oifig le hathbhreithnithe chomh maith le fachtóirí seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mar a leanas atá na saincheisteanna a phléitear sa Chaibidil seo:

- Athbhreithnithe a bhaineann le Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin agus Leanaí i gCúram an Stáit
- Modh Rochtana ar Thaifid
- Breithiúnais de chuid na hArd-Chúirte
- Bainistíocht Taifead
- An tOireachtas agus Alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise
- Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Athbhreithnithe a bhaineann le Scoileanna Saothair agus Leanaí i gCúram an Stáit

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

I dTuarascálacha Bliantúla roimhe tá tagairt déanta do na fadhbanna a bhíonn ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta freagairt don líon mór iarrataí Saorála Faisnéise a bhaineann le Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin. I 2003, i ndiaidh molta ó m'Oifig, thoiligh an Roinn tús a chur le tuarascálacha cigireachta na n-institiúidí sin a fhoilsiú.

Le ceithre bliana anuas nó mar sin tá líon mór iarrataí faighte ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar fhaisnéis phearsanta ó iarchónaitheoirí Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin a bhaineann leis an am a chaith siad sna scoileanna sin. Deir an Roinn go bhfuil breis is 230,000 doiciméad ar leith ina seilbh a bhaineann leis na 59 n-institiúid faoin gCóras Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin. As na 230,000 doiciméad sin, tá breis is 130,000 díobh le fáil i gcomhaid riaracháin na Roinne a bhaineann leis na hinstitiúidí iomchuí. I gcuid de na taifid sin faightear taifid ócáideacha d'iarchónaitheoirí e.g. i dtuarascálacha cigireachtaí leighis.

Coinníonn an Roinn taifid ina bhfaightear sonraí achoimre a bhaineann le níos mó ná 41,000 iarchónaitheoir de na hinstitiúidí sin. Sna taifid sin, a bailíodh ó sheantaifid iontrála scoile, faightear sonraí teoranta a bhaineann leis an gcónaitheoir, mar ainm, an dáta breithe agus ainmneacha na dtuismitheoirí, in éineacht le dáta iontrála sa scoil i gceist agus dáta scaoilte ón scoil. As an 41,000 iarchónaitheoir a bhfuil sonraí achoimre ina dtaobh i seilbh na Roinne, coinníonn an Roinn sainchomhaid phearsanta i gcás thart ar 13,000 duine díobh. Sna comhaid phearsanta sin faightear tríd is tríd foirmeacha a bhaineann le hiontráil agus scaoileadh an chónaitheora, in éineacht le haon taifid eile i seilbh na Roinne a bhaineann leis nó léi. As an 230,000 doiciméad atá i seilbh na Roinne, baineann 100,000 díobh leis na comhaid phearsanta aonair sin. Bhí cuardach agus aisghabháil na dtaifead seo ar bhonn láimhe an-fhadálach.

I mí Lúnasa 1999, thosaigh an Roinn ar na taifid seo go léir a scanadh ar bhunachar sonraí

ríomhaire. Rinneadh gach taifead scanta a phróiseáil ina aonar ag baint úsáide as sonraí innéacs iomchuí a éascaíonn aisghabháil mhear agus chruinn ag baint úsáide as sainchritéir chuardaigh e.g. ainm, institiúid, tréimhse chónaithe, srl. Nuair a chinneann an Roinn ar chomhad a scaoileadh, priontálann an ríomhaire na híomhánna scanta in éineacht le sceideal a shonraíonn gach taifead sa chomhad. Tugadh an tionscadal seo chun críche i mí Mheán Fómhair 2001, tráth ónar féidir iarrataí a bhaineann le taifid Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin a phróiseáil ar bhealach níos fusa (lasmuigh de agus faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise).

Cé go bhfuil an Roinn tar éis dul i mbun an bhirt seo, táim ag déileáil le hiarratais i gcónaí ar athbhreithniú le m'Oifig ar bhonn cáis go cás. I roinnt de na hiarratais i 2003 áiríodh iarrataí ar rochtain ar thuarascálacha cigireachtaí ar Scoileanna Saothair nó Ceartúcháin áirithe a rinne oifigigh na Roinne ag an am. Ag cuimhneamh ar an líon réasúnta mór pearsan aonair a bhí ag lorg rochtana ar na tuarascálacha cigireachta sin, mhol m'Oifig don Roinn Oideachais agus Eolaíochta go mb'fhéidir go gcuirfeadh sí na tuarascálacha, a théann siar roinnt mhaith blianta, ar fáil lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise. Chiallódh sé sin go dtabharfaí d'aon phearsa aonair rochtain ar na tuarascálacha cigireachta gan ghá le hiarraidh fhoirmiúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh. Cé gur léir gur ábhar spéise iad na tuarascálacha do na daoine sin a chaith am sna hinstitiúidí sin ní bhfaighfí i gcuid mhaith de na tuarascálacha aon fhaisnéis phearsanta mar atá sainithe san Acht um Shaoráil Faisnéise mar nach bhfaightí iontu aon "fhaisnéis faoi dhuine aonair inaitheanta". Thairis sin, leis na táillí le haghaidh iarrataí Saorála Faisnéise a tugadh isteach le déanaí dhealródh sé go dtugtar le tuiscint go mbeadh ar phearsana aonair íoc as chun rochtain ar an bhfaisnéis sna tuarascálacha cigireachta a fháil dá lorgófaí rochtain faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tá áthas orm a rá go bhfuil aontaithe ag an Roinn le mo mholadh agus go bhfuil sí tiomanta i leith gach tuarascáil chigireachta dá leithéid a fhoilsiú. Beidh tairbhí follasacha aige seo dóibh sin a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leis an am a chaith siad i scoileanna dá leithéidí. Ceadóidh sé do m'Oifig freisin níos mó ama a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar cheist na rochtana ar thaifid ghaolmhara eile. Ag tráth scríofa na tuarascála seo, áfach, ní raibh aon tuarascálacha cigireachta foilsithe ag an Roinn. Tá curtha in iúl ag an Roinn dom go bhfuil sí ag breithniú na ceiste an mbeadh sí ag sárú an Achta um Chosaint Sonraí dá bhfoilseofaí codanna áirithe de na tuarascálacha agus go bhfuil sí ag lorg comhairle dhlíthiúil ar an gceist. Tá súil mhór agam gur féidir an tsaincheist seo a réiteach a luaithe is féidir agus gur féidir na tuarascálacha a chur ar fáil gan rómhoill.

An Roinn Sláinte agus Leanaí

I mí Iúil 2002 chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí tús le tionscadal dar teideal "Rochtain ar Thaifid Institiúideacha agus Ghaolmhara" (RTIG) chun na taifid a innéacsú atá ina seilbh maidir le daoine a bhí, agus iad ina leanaí, i gcúram an Stáit. De réir cosúlachta, i gcás líon mór comhad polasaí cúraim leanaí agus comhad soláthair seirbhíse atá i seilbh na Roinne folaíonn siad nó d'fhéadfadh sé go bhfolaíonn siad taifid a luann pearsana aonair a bhí i gcúram leanaí nó in institiúidí eile a cuireadh ar altramas, ar lóistín nó ar cíos.

Tuigim go bhfuil an Roinn le déanaí tar éis conradh le haghaidh chríochnú na chéad chéime den tionscadal seo, is é sin cruthú an Innéacs Ainmneacha, a bhronnadh agus go bhfuil an chuideachta lena mbaineann tar éis tús a chur le hobair ar ainmneacha a ionchur ar an Innéacs. Tuigim ón Roinn go dtógfaidh sé isteach is amach le dhá bhliain chun an obair sin a chríochnú.

Is é an tsúil agus an dóchas atá agam ná nuair atá an tionscadal RTIG críochnaithe go mbeidh sé luachmhar agus inrochtana do dhaoine, a bhí i gcúram an Stáit mar leanaí agus atá ag lorg faisnéise anois faoin am atá caite acu. Nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe, beidh an Roinn in ann a chinntiú gur féidir le cinnteoirí cuardaigh chuimsitheacha le haghaidh taifead cúraim leanaí a dhéanamh mar fhreagairt ar iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cé nach bhfuil an dul chun cinn ó mhí Iúil 2002 i leith chomh pras agus ba mhian liom agus le mo réamhtheachtaí, tuigim go bhfuil an obair atá déanta ag an gcuideachta conartha tar éis torthaí a thabhairt cheana féin. Mar shampla, mar thoradh ar iarraidh a rinneadh le déanaí leis an Roinn aimsíodh taifid faoi iarratasóir ar leith ina ndearnadh na taifid a thaifeadadh faoi shloinne difriúil leis an sloinne sin a thug an t-iarratasóir don Roinn. I ngan fhios bhí a shaol caite ag an iarratasóir, de réir dealraimh, ag baint úsáide as sloinne a theaghlaigh altrama cé gur tagraíodh dó as a ainm beireatais sna taifid i seilbh ag an Roinn. Mar gheall ar an gcur chuige cuimsitheach atá glactha ag conraitheoirí na Roinne i gcruthú an Innéacs Ainmneacha, bhíothas in ann faisnéis faoin iarratasóir a shainaithint d'ainneoin go raibh sé taifeadta faoi shloinne difriúil leis an sloinne a thug an t-iarratasóir. Is fíor go bhfuil cosúlacht mhaith ar thús an tionscadail agus spreagfainn an Roinn leis an móiminteam atá bainte amach cheana féin a chothabháil. Leanfaidh m'Oifig d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn leis an Innéacs Ainmneacha, agus leis an tionscadal RTIG i gcoitinne.

Faoi láthair, is é cleachtas na Roinne, i gcás nach n-éiríonn léi na taifid a aimsiú atá á lorg ag iarratasóirí a bhí i gcúram an Stáit mar leanaí, teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir sa chás go dtagann taifid nó taifid bhreise chun solais mar thoradh ar an tionscadal RTIG. Tá sé i gceist agam déileáil ar bhonn cáis go cás le hiarratais ar athbhreithnithe breitheanna i gcás go bhfuil an cineál seo faisnéise diúltaithe. Féachfaidh na hathbhreithnithe seo do mo mheasúnacht ar leorgacht na gcuardach déanta ag an Roinn i gcomhthéacs alt 10(1)(a) den Acht; is é sin an fhoráil a lamhálann do chomhlacht poiblí rochtain ar thaifid a dhiúltú i gcás nach ann do na taifid nó nach féidir iad a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil siad.

Modh Rochtana ar Thaifid

I bhformhór mór na n-iarrataí a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise lorgaítear rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí bealach fótachóipeanna de na taifid lena mbaineann. Faoi alt 12(1) den Acht, áfach, liostaítear roinnt bealaí inar féidir rochtain a thabhairt; folaíonn siad sin athscríbhinní den fhaisnéis a iarradh, diosca ríomhaire ina bhfuil an fhaisnéis nó deis chun na taifid a iniúchadh. Cé go bhfuil oibleagáid ar chomhlacht poiblí tríd is tríd rochtain a thabhairt sa mhodh a iarrtar, foráiltear faoi alt 12(2) go bhféadfaidh comhlachtaí poiblí breith a thabhairt rochtain a chur ar fáil ar bhealaí eile in imthosca áirithe, mar shampla, más éifeachtúla go mór an modh ionadúil nó d'fhonn aon díobháil fhisiciúil do thaifead a sheachaint. Eisceacht eile is ea i gcás go mbeadh feidhm ag ceann de na díolúintí arna leagan amach san Acht dá dtabharfaí rochtain sa mhodh a iarradh [alt 12(2)(b)(iv)].

Cé nach bhfuil an tsaincheist tagtha chun solais ach i mbeagán cásanna, tá ordaithe agam, i roinnt imthosca teoranta, go dtabharfaí rochtain ar mhodh eile seachas an modh a iarradh. Mar shampla, i gcás amháin chinn mé dá dtabharfaí rochtain ar thaifid áirithe go nochtfaí faisnéis phearsanta tríú páirtithe. Chinn mé, áfach, gur mhó leas an phobail géilleadh don iarraidh ná ceart príobháideachta na dtríú páirtithe. Ar mhórán slite féadfaidh sé gurb ionann nochtadh

taifead faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus nochtadh don domhan mór. Dá soláthrófaí fótachóipeanna de na taifid don iarratasóir sa chás d'fhéadfadh sé go bhfaigheadh pearsana aonair nach an t-iarratasóir rochtain ar na taifid. D'fhonn nochtadh faisnéise pearsanta na dtríú páirtithe a laghdú a mhéid is féidir, d'ordaigh mé go dtabharfaí rochtain bealach iniúchta ar na taifid. Is ceart dom a rá go raibh mé, sa chás seo, sásta nach mbeadh ach tionchar íosta ar phríobháideacht na dtríú páirtithe ag an rochtain ar na taifid.

I roinnt cásanna b'fhéidir go gcuimhneodh comhlachtaí poiblí ar rochtain ar thaifid a dhiúltú mar go bhfuil imní orthu go bhféadfadh páirtithe seachas an t-iarratasóir rochtain a fháil ar na taifid. Níl aon díolúine shainiúil san Acht le haghaidh diúltaithe ar an mbonn sin. I gcásanna dá leithéidí is ceart go gcuimhneodh comhlachtaí poiblí ar, agus i gcás gur cuí is ceart dóibh, rochtain a thabhairt ar mhodh difriúil, e.g. bealach iniúchta ar na taifid. Aithním na deacrachtaí praiticiúla atá ann do chomhlachtaí poiblí maidir le rochtain bealach iniúchta a shocrú agus a mhaoirseacht. Ar an dul céanna, aithním nach mbeadh rochtain sa mhodh sin oiriúnach don iarratasóir i gcónaí. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh deis ag an iarratasóir na taifid a iniúchadh ach uair amháin agus sa chuid is mó cásanna nach mbeadh sé nó sí in ann athscríbhinn a dhéanamh nó nótaí a ghlacadh le linn dó nó di na taifid a iniúchadh. Is léir go raibh cur chuige dá leithéid i gceist ag an Oireachtas, áfach, agus tá sé i gcomhréir le haidhm fhoriomlán an Achta rochtain a thabhairt a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta.

Breithiúnais de chuid na hArd-Chúirte

Féadfaidh páirtí in athbhreithniú, nó aon duine eile a ndéantar difear dó nó di ag mo bhreith, achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Le linn 2003, thug an Ard-Chúirt breithiúnais i dtrí achomharc ar mo bhreitheanna. Tugaim achoimre thíos ar na príomhcheisteanna a bhí ann in dhá cheann de na breithiúnais sin. Mar gur tionóladh an éisteacht sa tríú cás, inar tugadh breithiúnas i bhfabhar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, i gcúirt iata braithim go bhfuil cosc orm trácht a dhéanamh ar an gcás sin.

Tríd is tríd, gabhann caiteachas mór acmhainní ag m'Oifig leis an bhfreagairt d'achomhairc ar bhreitheanna leis an Ard-Chúirt. I líon beag cásanna tá suas le dhá bhliain nó níos mó caite sular tugadh breithiúnas. Tá na costais a thabhaítear, i dtéarmaí costas dlíthiúil agus ama foirne araon, an-mhór. I roinnt cásanna ba ghá athbhreithnithe a chur ar fionraí ar feitheamh toraidh achomhairc ina bhfaightear an pointe dlí céanna. Ag cuimhneamh ar an gcostas agus ar na hacmhainní a ghabhann le páirt a ghlacadh i gcásanna Ard-Chúirte, is é polasaí m'Oifige é féachaint le costais a aisghabháil i ngach cás ina dtugann na Cúirteanna breithiúnas i m'fhabhar.

Scor d'Athbhreithniú a bhain le hAlt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise

I gCás 000028 bheartaigh mé úsáid a bhaint as an rogha atá agam scor d'athbhreithniú ar an bhforas go raibh sé follasach nach raibh iarraidh bhailí déanta leis an gcomhlacht poiblí iomchuí.

Bhí an t-iarratasóir tar éis a bheith i gcomhfhreagras leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le hiarratas Saorála Faisnéise a bhí déanta aige roimhe ar rochtain ar thaifid a bhain le córas cumarsáide inmheánaí an Gharda Síochána, .i. an córas PULSE. I gceann dá litreacha leis an Roinn, lorg an t-iarratasóir freagra ar na litreacha a bhí seolta aige roimhe, de réir fhorálacha alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise is cosúil.
Chun go mbeidh ordú le haghaidh iarratais faoi

alt 18 bailí ní mór roinnt critéar a chomhlíonadh. Tá siad sin leagtha amach san Acht um Shaoráil Faisnéise agus in Ionstraim Reachtúil Uimh. 519 de 1998. I measc na gceanglas áirítear nach mór difear a bheith déanta don duine lena mbaineann ag "gníomh" de chuid comhlachta phoiblí. Sa chás seo chinn mé nár shainaithin an t-iarratasóir "gníomh" sainiúil de chuid na Roinne dár theastaigh ráiteas cúiseanna agus nár chruthaigh sé go raibh ráiteas dá leithéid lorgtha aige. Chinn mé nach raibh iarratas bailí faoi alt 18 déanta ag an iarratasóir agus nár bhreith í breith na Roinne, mar sin, a d'fhéadfainn a athbhreithniú. Bheartaigh mé scor den athbhreithniú de réir fhorálacha alt 34(9)(a)(ii) den Acht um Shaoráil Faisnéise mar gur chinn mé nár bhain an t-iarratas ar athbhreithniú le breith arna sonru in alt 34(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise, a liostaíonn na breitheanna is féidir liom a achomharc. Rinne an t-iarratasóir mo bhreith a achomharc leis an Ard-Chúirt ansin.

Sa bhreithiúnas a thug an Ard-Chúirt thagair sí don chaoi a bhforáiltear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise gur féidir liom gníomhú de réir mo bhreithiúnais féin maidir le scor d'athbhreithniú. Ghlac an Chúirt leis nach raibh aon ní ann a thabharfadh le fios go raibh mé ag gníomhú lasmuigh de na cumhachtaí a thugtar dom ag an Acht um Shaoráil Faisnéise. Dúirt an Breitheamh Ó Murchú an méid seo a leanas:

> *"ní ceart don Chúirt cur isteach ar an gCoimisinéir le linn dó/di gníomhú de réir a b(h)reithiúnais féin ach sa chás go gcinnfí go rabhthas i gcoinbhleacht le caighdeán réasúntachta an athbhreithnithe bhreithiúnaigh. I bhfocail eile ní ceart don Chúirt cur isteach ar bhreith an Choimisinéara scor dá athbhreithniú ar an mbreith arna déanamh ag an Roinn sa chás seo mura mbeadh go measann sí go raibh a b(h)reith in achrann go hiomlán le bunréasún nó le ciall choiteann nó go raibh an bhreith chomh neamhréasúnach nó míréasúnta sin nach bhféadfadh aon Choimisinéir réasúnta teacht uirthi."*

Is ceart dom a rá nach mbainim úsáid as an rogha atá agam scor d'athbhreithniú ach i gcásanna ina bhfuil sé soiléir dom gur ceart dom déanamh amhlaidh. I ngach cás ina mbím ag machnamh ar scor, tugaim don pháirtí a ndéantar difear dó nó di deis chun a c(h)uid tuairimí ina leith a nochtadh. Cuirim gach tuairim dá leithéid san áireamh sula dtugaim breith ar ceart scor d'athbhreithniú.

Ról an Choimisinéara i gcás go n-éilíonn Comhlacht Poiblí nach ann do Thaifid nó nach féidir iad a aimsiú

I gCás 000459 dhearbhaigh an Ard-Chúirt an tuiscint atá agam ar mo ról i gcásanna ina n-éilíonn comhlacht poiblí nach ann do na taifid nó nach féidir iad a aimsiú.

Is é an cúlra don chás seo ná go raibh roinnt iarrataí Saorála Faisnéise déanta ag an iarratasóir leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Mar fhreagairt ar cheann de na hiarrataí sin bhí soláthairte ag an Roinn don iarratasóir taifid a bhain lena fostaíocht mar mhúinteoir. D'éirigh an t-iarratas ar athbhreithniú as teip na Roinne breith a thabhairt ar iarraidh bhreise. Tar éis anailís a dhéanamh ar an gcomhfhreagras iomchuí, ghlac mé an tuairim go raibh an Roinn, le fírinne, ag diúltú rochtana ar thaifid bhreise faoi alt 10(1)(a) den Acht, .i. ar an mbonn nárbh ann do thaifid bhreise nó nárbh fhéidir iad a aimsiú tar éis gach beart a bheith glactha chun a fháil amach cá raibh siad.

I ndiaidh mo chuid fiosruithe, bhí mé sásta go raibh iarrachtaí réasúnacha déanta ag an Roinn chun aon taifid bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú agus go raibh roinnt cuardach déanta aici ar na rannóga inar dócha go

gcoinneofaí taifid a bhaineann le bunmhúinteoir. Mheas mé nach raibh sé réasúnta é a éileamh, mar a chuir an t-iarratasóir in iúl ina cuid aighneachtaí, gur ceart go bhfairsingeofaí cuardach na Roinne chuig gach rannóg den Roinn. Chinn mé go raibh an Roinn i dteideal dul i muinín alt 10(1)(a) chun diúltú géilleadh don iarraidh. Rinne an t-iarratasóir mo bhreith a achomharc leis an Ard-Chúirt.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí sa chás, bhí an Ard-Chúirt sásta go raibh mé i dteideal déileáil le breith na Roinne mar dhiúltú faoi alt 10(1)(a). Bhí an Chúirt sásta freisin go raibh na treoirlínte a chuirim i bhfeidhm i gcásanna dá leithéidí (agus atá foilsithe ar mo láithreán gréasáin agus i lámhleabhar 'Alt 16') oiriúnach agus leordhóthanach agus go raibh siad curtha i bhfeidhm go cuí sa chás seo. Luaigh an Ard-Chúirt freisin go raibh an tuiscint atá agam ar mo ról i gcásanna dá leithéidí ceart sa mhéid :

> *"nach raibh ceangal orm cuardach a dhéanamh le haghaidh na dtaifead ach go raibh ceangal orm athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith na Roinne agus le linn sin a dhéanamh féachaint don fhianaise a bhí ar fáil don chinnteoir agus féachaint don réasúnaíocht a d'úsáid an cinnteoir chun teacht nó gan teacht ar bhreith."*

Baineann cion mór de na hathbhreithnithe le m'Oifig le héilimh ag comhlachtaí poiblí nach ann do thaifid atá á lorg nó nach féidir iad a aimsiú. Cé gur ceadmhach dom dul isteach in áitreabh aon chomhlachta phoiblí le linn athbhreithnithe, tá mo ról sna cásanna seo mar atá leagtha amach thuas. Is ar an gcomhlacht poiblí atá sé, áfach, a thaispeáint chun mo shástachta go bhfuil gach beart réasúnach glactha aige chun na taifid a lorgaítear a aimsiú. Is é atá i bhfianaise dá leithéid de ghnáth ná fianaise dhoiciméadach ar na bearta arna nglacadh ag an gcomhlacht poiblí lena n-áirítear na réimsí cuardaithe agus na cleachtais bhainistíochta taifead a bhaineann leis na taifid atá á lorg. Mura measaim go bhfuil an comhlacht poiblí tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh éileoidh mé go nglacfar bearta breise. I gCaibidil a Ceathair den Tuarascáil seo cuirim síos ar dhá chás inar aimsíodh taifead bhreise i ndiaidh idirghabháil m'Oifige.

Bainistíocht Taifead

I dTuarascálacha Bliantúla roimhe tá tagairt déanta don tábhacht le dea-pholasaithe agus dea-chleachtais bhainistíochta taifead laistigh de chomhlachtaí poiblí. Ina Thuarascáil Bhliantúil do 2002, rinne mo réamhtheachtaí, Caoimhín Ó Murchú, trácht ar ábhair imní a bhí aige féin agus ag an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta nach bhfuil aon rialacháin déanta ag an Aire Airgeadais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ná faoin Acht um Charltann Náisiúnta le haghaidh bhainistíocht agus chothabháil taifead i seilbh comhlachtaí poiblí. Go nuige seo níl aon athrú ar an scéal agus is ábhar imní dom é a thabhairt faoi deara nach bhfuil an chuma air go bhfuil aon phleananna aige rialacháin dá leithéidí a thabhairt isteach. Tá dea-chleachtas bainistíochta taifead fíorthábhachtach ó dhearcadh Saorála Faisnéise de go háirithe ag cuimhneamh ar an líon méadaitheach comhlachtaí poiblí agus an méadú bliantúil sa líon taifead atá ag teacht faoi réir fhorálacha an Achta. Thairis sin, tá feidhm ag forálacha an Achta um Chosaint Sonraí anois le sonraí pearsanta áirithe a choinnítear i dtaifid láimhe. Cuireann sé sin ceanglas níos mó fós ar chomhlachtaí poiblí deimhin a dhéanamh de go bhfuil a bpolasaithe bainistíochta taifead éifeachtach agus, ar a laghad, go mbíonn na taifid in-aisghafa ar a n-iarraidh. Cé go dtugaim do m'aire go bhfuil bearta glactha ag roinnt comhlachtaí chun a mbainistíocht taifead a fheabhsú, is é an taithí atá agam le linn athbhreithnithe a dhéanamh ná nach bhfuil, ar uairibh ar a laghad, bainistíocht taifead comhlachtaí poiblí thar mholadh beirte.

Tá níos mó i gceist le bainistíocht chuí taifead ná díreach an cumas chun taifid a aimsiú go héifeachtúil. Tá sí bainteach freisin le cad iad na taifid is ceart a chruthú, cá fhad is ceart iad a choinneáil agus conas is ceart iad a dhiúscairt ar deireadh. Le linn m'athbhreithnithe i 2003 tháinig mé ar dhá chás ar leith inar taispeánadh an tábhacht le polasaí cuí bainistíochta taifead i ndáil le scriosadh taifead.

An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles

I gCás 030874 maidir leis an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais (An tOspidéal), lorg an t-iarratasóir rochtain ar thaifid a bhain le breith a mic i 1959. Bhí an t-iarratasóir tar éis dul trí ghnáthamh míochaine san Ospidéal ag an am a raibh mórfhulaingt don iarratasóir mar thoradh air. Cé gur scaoil an tOspidéal taifid a bhí i seilbh ina Chlár Barda Luí Seoil, chuir sé in iúl don iarratasóir go raibh nótaí míochaine ó 1959 scriosta. Mar fhreagairt ar fhiosruithe ó m'Oifig, tháirg an tOspidéal sleachta ó chruinnithe Bhord an Ospidéil inar tugadh achoimre ar an bpolasaí maidir le taifid a choinneáil ag dul siar go 1968 ar mhicreascannán agus luaigh go raibh gach taifead ón tréimhse roimh 1968, taobh amuigh de thaifid Chlár an Bharda Luí Seoil, stiallta. Ní raibh an tOspidéal in ann a thaispeáint go cruinn cén tréimhse ama go baileach a stialladh taifid an iarratasóra ná aon chinnteacht a sholáthar go raibh taifid an iarratasóra i measc na dtaifead sin a stialladh. Cé gur dhearbhaigh mé breith an Ospidéil nárbh ann d'aon taifid bhreise, dúirt mé go raibh an bhreith maidir le corpas ollmhór taifead míochaine a scriosadh, a bhí pearsanta do líon mór pearsan aonair, gearr-radharcach sa chuid is fearr de agus nach measfaí mar dhea-chleachtas riaracháin nó bainistíochta taifead é sa lá atá inniu ann.

Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

I gCás 030782 lorg an t-iarratasóir rochtain ar chomhad a bhain le riocht tailte cóngarach do thaiscumar Belgard i mBaile Átha Cliath inar líomhnaíodh go raibh siad dáinséarach. Bhí an comhad ag dul siar go 1989 (roimh thosach feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise). D'éiligh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas gur scriosadh an comhad i 1996. Le linn an athbhreithnithe, d'áitigh an Chomhairle gur scriosadh na comhaid go léir nach mór den tréimhse chéanna den chomhad a lorgaíodh. Ní raibh an Chomhairle in ann, áfach, a rá go dearfa go raibh an comhad i gceist scriosta.

Cé go raibh mé sásta gur dócha go raibh an comhad scriosta, bheadh an Chomhairle in ann freagairt don iarratasóir agus do m'fhiosruithe ar bhonn níos éifeachtaí dá mbeadh polasaí cuí scriosta taifead i bhfeidhm aici agus dá mbeadh taifead aici ar na comhaid/taifid a scriosadh.

Tá na dálaí sna cásanna seo i gcodarsnacht leis na himthosca a bhí ann i gcás níos túisce 99046 – An tUasal ABX agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Sa chás seo, bhí scriosadh na dtaifead a lorgaíodh taifeadta ag an Roinn. Go príomha, chuir an Roinn síos ar a cleachtas maidir le páipéir éilimh Sochair Dífhostaíochta a scriosadh tar éis go mbíonn an comhad dúnta ar feadh dhá bhliain féilire. Sholáthair an Roinn freisin faisnéis do m'Oifig a bhaineann lena polasaí cartlainne, cóipeanna de na húdarúcháin ag Stiúrthóir Gníomhach na Cartlainne Náisiúnta lena n-údaraítear scriosadh taifead den chineál a lorgaíodh san iarraidh Saorála Faisnéise agus sonraí faoi na cuardaigh a rinneadh le haghaidh na dtaifead. Mar sin, bhí an Roinn in ann a lua go muiníneach go raibh na taifid a lorgaíodh scriosta.

Féadfaidh amhras agus mearbhall teacht chun solais in aigne an iarratasóra i gcás nach féidir le

comhlacht poiblí a rá go cinnte an bhfuil comhad nó taifead áirithe atá á lorg scriosta. Leis an easpa cruinnis sin féadtar amhras a chruthú i measc roinnt iarratasóirí go bhfuil an comhad curtha i bhfolach nó amú d'aon turas mar iarracht chun an t-iarratasóir a bhacadh. Le dréachtú agus forfheidhmiú pholasaí cuí bainistíochta taifead, a sholáthraíonn treoirlínte maidir le cathain is ceart taifid a scriosadh agus cad iad na taifid is ceart a scriosadh, in éineacht le taifead ar na taifid nó comhaid atá scriosta, tugtar muinín do bhreith comhlachta phoiblí agus laghdaítear an méid acmhainní riaracháin a úsáidtear chun freagairt d'iarrataí faoin Acht agus d'athbhreithnithe iardain ag m'Oifig.

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain

Tháinig saincheist ar leith a bhaineann le bainistíocht taifead chun solais in athbhreithniú ina raibh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain (An Institiúid). I gCás 030951 rinne an t-iarratasóir iarratas le m'Oifig ar athbhreithniú ar bhreith na hInstitiúide maidir le rochtain ar thaifead áirithe a dhiúltú a bhain le gearáin a bhí déanta ag an iarratasóir agus ag triúr eile in aghaidh baill foirne de chuid na hInstitiúide. Is é a bhí sa taifead i gceist ná litir a bhí scríofa ag an mball foirne, mar fhreagairt ar na gearáin a rinneadh, chuig Painéal a chuir an Institiúid ar bun chun an gnó a imscrúdú.

Go gairid tar éis dom glacadh leis an iarratas ar athbhreithniú, chuir an Institiúid in iúl dom nach raibh an taifead i gceist ina seilbh a thuilleadh. Mhínigh an Institiúid dom go raibh mar thoradh ar phróiseas idirghabhála leanúnach gur shiartharraing triúr den cheathrar páirtithe a bhí páirteach a ngearáin agus mar thoradh air sin go raibh iarrtha ag údar na litreach go dtabharfaí ar ais gach cóip dá litir ar an bhforas nach raibh sí oiriúnach do na himthosca athraithe. Chuir an Institiúid in iúl gur thug sí ar ais gach cóip den litir agus go raibh sí, le linn sin a dhéanamh, ag gníomhú go hionraic d'fhonn toradh an phróisis idirghabhála a éascú. Tugadh an litir agus gach cóip ar ais an lá sula bhfuair mé iarratas an iarratasóra ar athbhreithniú.

Cé gur gnó a bhaineann go hiomlán leis an Institiúid é na nósanna imeachta a ghlactar chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh in aghaidh ball foirne agus nach dtagann siad faoi mo shainchúram mar Choimisinéir Faisnéise, ba ábhar imní éigin dom é go raibh an taifead i gceist sa chás seo tugtha ar ais in imthosca ina raibh an Institiúid iomlán ar an eolas go raibh an litir ina hábhar iarrata déanta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus go bhféadfadh sí teacht chun bheith ina hábhar athbhreithnithe agam. Dúirt mé go mbeinn ag súil go gcoinneodh an Institiúid cóip den taifead ar feadh thréimhse an athbhreithnithe ar a laghad. Ghlac mé leis, áfach, sa chás áirithe seo, gurbh é an t-aon rún a bhí ag an Institiúid agus an taifead a thabhairt ar ais ná toradh an phróisis idirghabhála a chur chun feidhme ionas go dtabharfaí éifeacht don réiteach ar thrí cinn de na ceithre ghearán a rinneadh agus, trí dhéanamh amhlaidh, go raibh gníomhaithe aici go hionraic. Cé gur dhearbhaigh mé breith na hInstitiúide nach raibh an taifead a bhí á lorg i seilbh na hInstitiúide, chuir mé in iúl don Institiúid go mbeinn ag súil go bhféachfaidh sí dá hoibleagáidí reachtúla má thagann cás dá leithéid chun solais arís agus nach ndéanfaidh sí aon ghníomh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na cearta reachtúla dá ndéantar socrú faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Bainistíocht Taifead sna Fórsaí Cosanta

I dTuarascáil na bliana seo caite thagair mo réamhtheachtaí do dheacrachtaí a bhí ag na Fórsaí Cosanta taifid a aimsiú a bhain le hiarratais ar dhul isteach san arm. Tar éis na heasnaimh ina gcleachtais bhainistíochta taifead a aithint, tugadh faoi deara i dTuarascáil 2002 go raibh tús curtha ag na Fórsaí Cosanta le bearta chun

polasaí caighdeánach bainistíochta taifead a fhoirmiú. I mí na Samhna 2003 d'fhoilsigh na Fórsaí Cosanta ráiteas polasaí bainistíochta taifead mar eolas ginearálta agus mar threoir do bhaill na bhFórsaí Cosanta. Tá lámhleabhar le foilsiú go han-ghairid ina dtugtar achoimre ar na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le hearnálú agus clárú chomhaid uile na bhFórsaí Cosanta in éineacht le sonraí faoi na polasaithe coinneála agus scriosta infheidhme.

An tOireachtas agus Alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite tharraing mo réamhtheachtaí aird ar an gcaoi nach raibh an Comhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí tar éis a chuid breithniúchán ar achtacháin a eisiatar ó fheidhm alt 32(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise a thabhairt chun conclúide.

Faoi alt 32(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise díolmhaítear taifid lena bhfuil feidhm ag neamhnochtadh nó forálacha rúndachta achtachán eile. Samplaí d'achtacháin dá leithéidí is ea roinnt alt de na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991, agus Acht an Bhainc Ceannais, 1989. Tá achtacháin a eisiatar ó fheidhm alt 32(1) liostaithe sa Tríú Sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise. Faoi alt 32(2) den Acht um Shaoráil Faisnéise déantar socrú i dtaobh athbhreithniú ar oibriú na bhforálacha seo ag comhchoiste de dhá Theach an Oireachtais. Le linn obair coiste dá leithéid, tá iallach ar Airí Rialtais tuarascálacha a chur ar fáil don Oireachtas agus do m'Oifig ar fhorálacha reachtaíochta i dtaobh neamhnochta laistigh dá réimsí freagrachta. Cuireadh na chéad tuarascálacha dá leithéidí ar fáil le linn 1999 agus, i mí na Samhna den bhliain sin, thuairiscigh mo réamhtheachtaí de réir alt 32(5) don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí ag tabhairt a thuairime agus a thátal i dtaobh na dtuarascálacha sin. Ina dhiaidh sin, i mí Iúil 2000, d'fhreastail baill de m'fhoireann ar chruinniú den fhochoiste a cuireadh ar bun ag an gComhchoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna ag éirí as na tuarascálacha agus as forálacha alt 32.

Is é an tuiscint atá agam ná nach raibh breithniúcháin an Chomhchoiste ar an ngnó seo tugtha chun conclúide roimh lánscor don Dáil i mí Aibreáin 2002. Tarraingím aird air sin mar go samhlaítear go soiléir ag alt 32 gur ceart, ag féachaint d'fhorálacha, do chríocha agus do mheon an Achta um Shaoráil Faisnéise, forálacha i leith neamhnochta i reachtaíocht a athbhreithniú, a leasú nó a aisghairm i gcás gur gá sin. Bheinn ag súil go ndéanfaí an tsaincheist thábhachtach seo a shaothrú agus a chur ar aghaidh le linn 2004.

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Faoi reachtaíocht a rialaíonn Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC), ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol a chur ar fáil do dhaoine den phobal, faoi réir díolúintí áirithe, ach í a iarraidh. Tá an modh inar féidir an fhaisnéis sin a iarraidh cosúil ar roinnt bealaí leis an modh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Déanta na fírinne, tá dhá chóras ann anois chun rochtain a fháil ar fhaisnéis chomhshaoil – an tAcht um Shaoráil Faisnéise agus reachtaíocht RFC. Níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, áfach, ach le faisnéis i seilbh nó faoi rialú "comhlachtaí poiblí", téarma a shainítear go soiléir san Acht um Shaoráil Faisnéise, cé go bhfuil feidhm ag RFC le "údaráis poiblí", téarma nach sainítear chomh soiléir sin ach a bhfuil an chuma air go bhfuil feidhm aige le raon níos leithne comhlachtaí ná an tAcht um Shaoráil Faisnéise.

Tuigtear dom go ndéantar socrú sa Treoir (2003/4/CE) ón AE le déanaí i dtaobh beart

athbhreithnithe a bhaineann le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil. Cuireann an treoir ceangal ar Bhallstáit, lena n-áirítear Éire, na bearta sin a thabhairt i bhfeidhm faoin 14 Feabhra 2005. Déanann an treoir socrú i dtaobh nós imeachta achomharc a bhunú lena bhfuil an cumhacht ag "cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách agus neamhclaon eile" athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna údarás poiblí ar iarrataí rochtana. Samhlaítear sa treoir go mbeadh breitheanna an údaráis athbhreithnithe críochnaitheach agus ceangailteach ar an údarás poiblí.

Faoi láthair ní hann d'aon údarás athbhreithnithe ainmnithe go dlíthiúil atá cumhachtaithe chun breitheanna críochnaitheacha agus ceangailteacha a thabhairt ar údaráis phoiblí faoi RFC. I gcáil an Ombudsman dom féadfaidh mé scrúdú a dhéanamh ar ghearán nach bhfuil an reachtaíocht RFC riartha go cuí ag comhlacht poiblí atá faoi mo shainchúram. I ndiaidh mo scrúdaithe ar an ngearán, áfach, níl aon mholadh a dhéanaim don chomhlacht poiblí lena mbaineann ceangailteach go dlíthiúil. Agus tá an raon comhlachtaí poiblí faoi mo shainchúram mar Ombudsman i bhfad níos lú ná an raon údarás poiblí atá clúdaithe ag RFC. Bheadh sé mí-oiriúnach mar sin agus ní bheadh sé de réir na reachtaíochta RFC dá mba é Oifig an Ombudsman an comhlacht achomharc ainmnithe. Tá sé sin i gcodarsnacht le breitheanna arna n-eisiúint agam i gcáil an Choimisinéara Faisnéise dom atá ceangailteach agus nach féidir a achomharc ach leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí.

Sa mhéid gur ann do dhá chóras rochtana chomhchosúla, creidim gur inmhianaithe go ndéanfaí breithniú orthu araon chun rochtain faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a ailíniú le RFC agus sásraí achomhairc an dá chóras a ailíniú, go háirithe ag cuimhneamh ar mo chumhachtaí mar Choimisinéir Faisnéise breitheanna ceangailteacha a eisiúint. Roimhe seo tá na tuairimí seo curtha in iúl ag mo réamhtheachtaí don Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as an reachtaíocht RFC iomchuí a chur chun feidhme. Agus an tuairim sin á nochtadh, admhaím go bhféadfadh deacrachtaí praiticiúla a bheith le cur chuige dá leithéid. Mar shampla, tá feidhm ag teorainneacha ama difriúla le próiseáil iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus faoi RFC, fad atá an raon comhlachtaí lena bhfuil feidhm ag gach córas difriúil freisin. Ní ceart go gcothóidís sin fadhbanna dosháraithe, áfach.

4

Breitheanna i bhFoirm Litreach

4 Breitheanna i bhFoirm Litreach

Innéacs na nÁbhar a phléitear

Iarrataí Suaibhreosacha nó Cráiteacha

Cás 020375 An raibh iarrataí a bhain le fostaí de chuid RTÉ suaibhreosach nó cráiteach

Cás 030406, srl. An raibh roinnt iarrataí a rinneadh le linn díospóide le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, suaibhreosach nó cráiteach

Taifid Bhreise Aimsithe i ndiaidh idirghabhála ag Oifig an Choimisinéara

Cás 030382 Comhad breise aimsithe ag Bord Sláinte an Deiscirt i ndiaidh cuardach arna n-ordú ag an gCoimisinéir

Cás 020445 Taifid bhreise aimsithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i ndiaidh idirghabhála ag Oifig an Choimisinéara

Rochtain ar Thuarascálacha Cigireachta Scoile

Cás 000238 An mbeadh tiomsú 'táblaí léige', mar dhea, mar thoradh ar nochtadh tuarascálacha ar bhunscoileanna ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta - Ar thug na scoileanna faisnéis faoi rún

Comhfhreagras leis an Roinn Airgeadais ag Lorg Leasuithe ar reachtaíocht um Iontaobhas Scairúinéireachta Fostaithe

Cás 010367, srl. Ar déileáladh le comhfhreagras inar lorgaíodh athruithe sa reachtaíocht mar chomhfhreagras faoi rún - An raibh faisnéis tacaíochta íogair ó thaobh na tráchtála de

Taifid ar Chomórtas Tairisceana i ndáil le díol Bhanc ICC

Cás 99183 An bhfuil an fhaisnéis i dtaobh táillí agus íocaíochtaí a chuireann tairgeoirí a n-éiríonn leo ar aghaidh ina faisnéis faoi rún nó íogair ó thaobh na tráchtála de

Cúiseanna le Gníomhartha Comhlachtaí Poiblí

Cás 020353 An raibh iallach ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ráiteas cúiseanna a chur ar fáil i gcás a breithe gan deimhniú éadóirseachta a dheonú

Cás 031015	Leorgacht ráitis cúiseanna – An raibh iallach ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ráiteas cúiseanna a chur ar fáil i gcás gach breithe de chuid gach comhalta dá Choiste Achomharc Scrúdúcháin
Cás 020485	An raibh ceangal ar an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, ráiteas cúiseanna a chur ar fáil i gcás "gníomh" a tharla sular forordaíodh sin chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise

Pribhléid Ghairmiúil Dhlíthiúil agus Díspeagadh Cúirte

Cás 020281	An bhféadfadh comhfhreagras inmheánach Aonad Seirbhísí Dlíthiúla na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a bheith faoi réir pribhléide gairmiúla dlíthiúla
Cás 020242	An féidir imeachtaí os comhair Oifig an Stiúrthóra Imscrúduithe Comhionannais a mheas mar dhlíthíocht
Cás 99276	Ar dhíspeagadh cúirte é nochtadh taifead faoi réir ordú follasaithe
Cás 010288	Ar dhíspeagadh cúirte é nochtadh taifead faoi réir na rialach *i gcúirt iata*

Tá sé i gceist sa chaibidil seo go gcuirfear, trí tharraingt ar ábhar a fhaightear i líon beag breitheanna i bhfoirm litreach a eisíodh le linn 2003, béim ar phointí spéise do chomhlachtaí poiblí agus d'úsáideoirí Saorála Faisnéise araon. Tá téacs iomlán na mbreitheanna sin agus breitheanna inspéise eile, le sonraí aitheanta na bpáirtithe bainte amach i gcás gur gá sin, le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige (www.oic.ie).

Pointí Spéise

Iarrataí Suaibhreosacha nó Cráiteacha

Faoi alt 10(1)(e) lamháiltear do chomhlacht poiblí iarraidh a dhiúltú ar an bhforas go bhfuil an iarraidh shuaibhreosach nó cráiteach. Ó thosach feidhme an Achta, tá na himthosca inar féidir iarraidh a mheas mar iarraidh shuaibhreosach nó chráiteach breithnithe ag comhlachtaí poiblí, ag cleachtóirí Saorála Faisnéise agus gan dabht ag m'Oifig. Gan cinneadh deifnídeach a dhéanamh, dúirt mo réamhtheachtaí, Caoimhín Ó Murchú, i **gCás 99151** go bhféadfadh sé go mba ghá féachaint do phatrúin iompair an iarratasóra i ndáil leis an iarraidh nó iarrataí Saorála Faisnéise faoi bhreithniú. Mhol sé i gcás go ndéantar 'patrún iompair', arb ionann é agus 'mí-úsáid phróise', a shuíomh d'fhéadfadh sé gur cuí iarraidh a dhiúltú mar 'iarraidh shuaibhreosach nó chráiteach'. Nuair a leasaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise le linn 2003, athraíodh alt 10(1)(e) agus léiríonn sé an tuairim sin anois. In athbhreithnithe ag m'Oifig i 2003 tugadh aghaidh ar bhreitheanna de chuid dhá chomhlacht phoiblí diúltú géilleadh d'iarrataí faoi alt 10(1)(e).

I **gCás 020375** rinne an t-iarratasóir roinnt iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le RTÉ maidir le fostaí de chuid RTÉ agus leis an gcomórtas ónar ceapadh é. Dhiúltaigh RTÉ seacht gcinn dá iarrataí ar an bhforas go raibh siad 'suaibhreosach nó cráiteach' agus rinne an t-iarratasóir achomharc le m'Oifig.

Chinn mé go raibh údar maith le diúltú RTÉ géilleadh do na seacht n-iarraidh a bhí ina ábhar den athbhreithniú áirithe seo ar an bhforas go raibh siad suaibhreosach nó cráiteach. I mo chinneadh, dúirt mé, seachas i gcásanna ina ndéantar iarrataí go mí-ionraic, nach mór do chomhlacht poiblí 'patrún iompair' arb ionann é agus 'mí-úsáid phróise' nó 'mí-úsáid an chirt rochtana' a shuíomh, d'fhonn údar a thabhairt le diúltú dá leithéid.

I m'athbhreithniú thug mé achoimre ar dhéileálacha an iarratasóra le RTÉ agus leis an Oifig seo. Bhí 51 iarratas san iomlán ar athbhreithniú déanta ag an iarratasóir le m'Oifig, an líon is airde a fuarthas ó aon phearsa aonair. Ina theannta sin, bhain 20% de na hiarrataí go léir a fuair RTÉ le linn tréimhse 13 mhí leis an iarratasóir sin, leis na hiarrataí go léir nach mór ag déileáil leis an bhfostaí i gceist de chuid RTÉ. D'achomhairc an t-iarratasóir 17 mbreith de chuid RTÉ le m'Oifig i mbliain ina ndearnadh 20 breith san iomlán de chuid RTÉ a achomharc. As na 17 mbreith sin, bhain 16 díobh leis an bhfostaí de chuid RTÉ. Sa mhéid go raibh líon mór iarrataí déanta ag an iarratasóir, áfach, níor leor sin chun na hiarrataí a dhiúltú mar iarrataí 'suaibhreosacha nó cráiteacha'.

Mheas mé gur chuí go mór breithniú a dhéanamh ar an gceist arbh ionann an 'patrún iompair' seo agus 'mí-úsáid an chirt rochtana' seachas 'mí-úsáid phróise'. Mheas mé go raibh na hiarrataí go léir nasctha agus gur bhain siad le faisnéis a lorg faoin bhfostaí de chuid RTÉ seachas faoi RTÉ. Ábhar imní dom freisin ba ea gurbh é an toradh a bheadh ar na hiarrataí seo, in éineacht leis na hiarrataí roimhe a rinneadh le RTÉ, ná go gcruthófaí próifíl den fhostaí de chuid RTÉ sa mhéid go mbaineann sé lena fhostaíocht le RTÉ. Thuig mé gurb é an toradh carnach a bheadh ar ghéilleadh do na hiarrataí ná go sroichfí an chéim go bhféadfadh sárú príobháide a bheith ann don fhostaí de chuid RTÉ. Tar éis breithniú a dhéanamh air seo go léir, tháinig mé ar an gconclúid go raibh údar maith le breith RTÉ diúltú géilleadh do na hiarrataí ar an bhforas go raibh siad 'suaibhreosach nó cráiteach'.

Le linn dom m'athbhreithniú a dhéanamh bhí mé sásta freisin gur lamháil an leasú le déanaí ar alt 8(4) den Acht um Shaoráil Faisnéise do thucaid an iarratasóra a chur san áireamh le linn breithniú a dhéanamh maidir le hiarraidh a bheith 'suaibhreosach nó cráiteach'. D'fhonn treorú a thabhairt do chomhlachtaí poiblí d'athluaigh mé:

- nach ceart a bheag a dhéanamh d'aon bhreith a thugtar go bhfuil iarraidh 'suaibhreosach nó cráiteach';
- nach mór gach cás a bhreithniú ar a fhiúntas féin ag féachaint do na critéir arna leagan amach ag m'Oifig;
- nach ceadmhach na cearta dá ndéantar socrú san Acht um Shaoráil Faisnéise a mhí-úsáid ag comhlachtaí poiblí nó ag daoine den phobal;
- sa mhéid go raibh iarraidh 'shuaibhreosach nó chráiteach' déanta ag pearsa aonair ar leith san am a caitheadh nach tásc é sin go bhfuil iarrataí eile ón bpearsa aonair sin 'suaibhreosach nó cráiteach'.

Ina dhiaidh sin, i **gCás 030406, srl.** bhain mé úsáid as an rogha atá agam faoi alt 34(9)(a)(i) den Acht chun scor de 12 athbhreithniú ar an mbonn go raibh na hiarratais le m'Oifig suaibhreosach nó cráiteach. Sa chás seo ba mhac léinn i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, é an t-iarratasóir a bhí páirteach i roinnt díospóidí leis an gColáiste. Bhí 12 iarratas déanta ag an iarratasóir le m'Oifig ar athbhreithniú ar bhreitheanna ag éirí as 77 n-iarraidh ar leith le Coláiste na Tríonóide faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Le linn dom cinneadh ar scor de na hathbhreithnithe, ghlac mé an cur chuige céanna is a ghlac mé roimhe chun an téarma 'suaibhreosach nó cráiteach' a léirmhíniú. Le linn breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna iomchuí thug mé do m'aire an líon díréireach iarrataí a rinne an t-iarratasóir le Coláiste na Tríonóide agus cineál córasach na n-iarrataí a rinneadh ar ráitis chúiseanna faoi alt 18 i ndiaidh rochtana ar ráitis nó ar shonraí a nochtadh dó faoina iarrataí Saorála Faisnéise. Thug mé do m'aire freisin de réir mar a mhéadaigh líon casaoidí an iarratasóra in aghaidh an Choláiste, gur mhéadaigh freisin an líon iarrataí Saorála Faisnéise uaidh.

Bhí mé sásta gurbh ionann an patrún iompair sin agus mí-úsáid phróise. Bhí an chuma air go raibh an t-iarratasóir ag baint úsáide as Saoráil Faisnéise ar mhodh dúshlánach agus go fiú imeaglaithe ar uairibh agus dhealraigh sé gur cuireadh cuid dá iarrataí ar a laghad faoi bhráid ar mhaithe lena luach núise. Ina theannta sin, léirigh an fhianaise go raibh iarracht déanta aige i gcomhfhios úsáid a bhaint as Saoráil Faisnéise d'fhonn na forálacha rúndachta a bhain le himscrúduithe ag comhlacht poiblí eile a shárú.

Tháinig mé ar an gconclúid go raibh an t-iarratasóir ag baint úsáide as an bpróis Saorála Faisnéise go beartach ar thóir a dhíospóidí leis an gColáiste. Bhí mé sásta mar sin go raibh na hathbhreithnithe mar chuid de phatrún iompair arbh ionann é agus mí-úsáid na próise Saorála Faisnéise agus gur ceart scor díobh.

Taifid Bhreise Aimsithe i ndiaidh idirghabhála ag Oifig an Choimisinéara

I gcion mór de na hathbhreithnithe faoi mo bhráid áirítear diúltaithe ag comhlachtaí poiblí ar an bhforas nach ann do na taifid nó nach féidir iad a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a bheith glactha chun a fháil amach cá bhfuil siad [alt 10(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise]. Is í an tsaincheist nach mór dom aghaidh a thabhairt uirthi in athbhreithnithe dá leithéidí is ea an bhfuil údar maith le breith an chomhlachta phoiblí. Ó am go ham, féadfaidh iarratasóirí a bheith ag súil go ndéanfaidh mé nó mo chuid oifigeach cuardach le haghaidh na dtaifead i gceist. Cé gur ceadmhach dom dul isteach in áitreabh aon chomhlachta phoiblí le linn athbhreithnithe, is é an ról atá agam sna cásanna seo de ghnáth ná athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith an chomhlachta phoiblí agus a chinneadh an raibh údar maith leis an mbreith sin. Ciallaíonn sé sin, mar atá an cás in aon athbhreithniú eile, nach mór dom féachaint don fhianaise atá ar fáil don chinnteoir agus féachaint don réasúnaíocht a úsáideann sé nó sí chun teacht ar an mbreith. Ní mór dom a chinneadh ansin an bhfuil an cinnteoir tar éis féachaint don fhianaise iomchuí go léir agus, má tá, an raibh údar maith aige nó aici le teacht ar a b(h)reith sa chás.

Tacaíodh le mo chur chuige i gcásanna dá leithéidí ag an mBreitheamh Quirke sa chás Ard-Chúirte *Matthew Ryan agus Kathleen Ryan agus an Coimisinéir Faisnéise (2002 Uimh. 18 M.C.A.)*. Cé go mbím sásta sa chuid is mó athbhreithnithe go bhfuil an comhlacht poiblí tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil na taifid atá á lorg, tháinig dhá chás chun solais le linn 2003 inar aimsíodh taifead bhreise i ndiaidh idirghabhála ag m'Oifig.

I **gCás 030382** lorg aturnaetha an iarratasóra gach taifead i seilbh Bhord Sláinte an Deiscirt a bhain leis an iarratasóir, a bhí i scoil saothair idir 1975 agus 1988. Scaoil an Bord sliocht as an gClár Leanaí a glacadh faoi chúram agus dhiúltaigh sé rochtain ar aon taifid bhreise ar an mbonn nárbh ann dóibh nó nárbh fhéidir iad a aimsiú tar éis go raibh gach beart réasúnach glactha chun a fháil amach cá raibh siad. I ndiaidh fiosruithe ag m'Oifig, sholáthair an Bord sonraí ar na cuardaigh a bhí déanta. D'admhaigh

an Bord gur cheart go mbeadh comhad coinneáilte laistigh den roinn oibre sóisialta iomchuí. Níorbh fhéidir an comhad a aimsiú, áfach.

Mar nár aimsíodh an comhad sna limistéir inar ceart dó a bheith, lorg m'Oifig faisnéis bhreise agus d'ordaigh go ndéanfaí cuardaigh bhreise lena n-áirítear cuardach ag gach oibrí sóisialta sa limistéar cúraim pobail iomchuí ar gach comhad ina seilbh nó ina n-oifigí/réimsí oibre. Aimsíodh an comhad iomchuí laistigh den roinn oibre sóisialta iomchuí den Bhord. Á chur san áireamh gurbh ann don chomhad agus gur cheart go n-aimseofaí é, bhí údar maith le m'Oifig ag ordú na gcuardach breise sin. Sa chás áirithe seo ghabh fónamh leis an ordú go nglacfadh na hoibrithe sóisialta féin páirt sa chuardach.

Aimsíodh taifid bhreise freisin i **gCás 020445**. Bhí athbhreithniú lorgtha ag an iarratasóir sa chás seo ar bhreith de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí nuair nach raibh sí in ann comhad a aimsiú a bhí ina seilbh ina raibh faisnéis a bhain le hiarratas an iarratasóra ar shaoránacht.

I ndiaidh fiosruithe déanta ag m'Oifig rinneadh amach gur ligeadh amú an comhad i gceist tráth éigin idir mí Iúil 2002, nuair a taifeadadh go raibh an comhad i seilbh oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne, agus mí Mheán Fómhair 2002 nuair a tugadh breith athbhreithnithe inmheánaigh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise nárbh fhéidir an comhad a aimsiú. Ar an drochuair, sa chás seo bhí teipthe ag an Roinn breith a sholáthar don iarratasóir i ndiaidh a iarrata bunaidh a rinneadh seacht mí ní ba thúisce i mí Feabhra 2002. Sa mhéid gur ligeadh an comhad i gceist amú tar éis go bhfuair an Roinn an iarraidh bhunaidh fágadh go raibh láimhsiú na hiarrata seo ag an Roinn níos míshásúla fós.

Ag féachaint don fhianaise a chuir an Roinn ar fáil do m'Oifig agus sa mhéid go raibh an comhad i gceist ligthe amú tamall gairid roimhe, ní raibh m'Oifig sásta go raibh gach beart réasúnach glactha chun é a fháil amach cá raibh sé. Mar sin, ní raibh mé in ann a chinneadh go raibh údar maith le breith na Roinne. D'iarr mé ar an Roinn mionchuardaigh bhreise a dhéanamh ar a cuid áitreabh ar fad ina bhféadfadh an comhad ar iarraidh a bheith. Iarradh ar an Roinn freisin deimhin a dhéanamh de go dtabharfaí d'oifigeach amháin ar leibhéal cuí an fhreagracht as na cuardaigh bhreise a chomhordú agus doiciméadú ar na bearta glactha a thabhairt. Cuireadh i gcuimhne don Roinn freisin, i gcás nach bhfaighfí an comhad ar iarraidh i ndiaidh mionchuardach breise, go dtabharfadh m'fhoireann cuairt ar an Roinn chun críocha athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí céim ar chéim taifeadta de na cuardaigh bhreise a rinneadh.

Laistigh de cheithre lá oibre ó eisiúint na hiarrata go ndéanfaí cuardaigh bhreise, chuir an Roinn in iúl do m'Oifig go raibh an comhad ar iarraidh aimsithe.

Rochtain ar Thuarascálacha Cigireachta Scoile arna n-ullmhú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

I **gCás 000238** bhí iarraidh ón Irish Times ar rochtain ar thuarascálacha cigireachta ar roinnt Bunscoileanna a rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Dhiúltaigh an Roinn an iarraidh ar an bhforas go raibh rochtain ar an bhfaisnéis toirmiscthe ag alt 53 den Acht Oideachais, 1998. Faoi alt 53 den Acht sin foráiltear go bhféadfar rochtain a dhiúltú ar aon fhaisnéis a d'fhágfadh go bhféadfaí faisnéis a thiomsú i ndáil le gnóthachtáil acadúil na mac léinn atá rollaithe iontu, .i. táblaí léige scoile, mar dhea. Dhiúltaigh an Roinn rochtain freisin ar an bhforas go raibh

foireann na scoileanna tar éis faisnéis a chur ar fáil faoi rún do na Cigirí le linn a gcigireachtaí, go bhféadfadh nochtadh dochar a dhéanamh d'éifeachtúlacht cigireachtaí sa todhchaí agus freisin go bhféadfaí tionchar díobhálach a imirt ar a cuid feidhmeanna maidir lena bainistiú ar scoileanna.

Ag féachaint d'ábhair na dtuarascálacha níor ghlac mé leis go bhféadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar rochtain orthu ná go ndéanfaí an dochar a samhlaíodh don Roinn. Sa bhreith a thug mé, luaigh mé cé gur tugadh sna tuarascálacha tuairim fhoriomlán i dtaobh na scoileanna, nach bhfuarthas iontu go soiléir aon tagairtí do ghnóthachtálacha acadúla na mac léinn sna scoileanna. Lean mé orm agus chinn go raibh na ráitis sna tuarascálacha de chineál chomh ginearálta nach bhféadfaí aon chomparáid éifeachtúil a dhéanamh idir na scoileanna. Níor ghlac mé leis go bhféadfaí cur síos ar an bhfaisnéis sna tuarascálacha mar fhaisnéis a tugadh faoi rún do na Cigirí mar gurb é a bhí sna tuarascálacha ná tuairmí agus breathnuithe na gCigirí féin a foirmíodh le linn cuairteanna ar na scoileanna.

(Rinne Príomhoide ceann de na scoileanna bainteacha an bhreith seo a achomharc leis an Ard-Chúirt. Éisteadh an t-achomharc i mí an Mhárta 2004 agus táthar ag feitheamh le breithiúnas fós ag tráth scríofa na tuarascála seo.)

Comhfhreagras leis an Roinn Airgeadais ag Lorg Leasuithe ar reachtaíocht um Iontaobhas Scairúinéireachta Fostaithe

I **gCás 010367, srl.** bhí ceist na rochtana ar chomhfhreagras ó Iontaobhas Scairúinéireachta Fostaithe (ISUF) Eircom leis an Roinn Airgeadais inar lorgaíodh leasuithe ar an reachtaíocht a rialaíonn ISUFanna. I ndiaidh tairisceana chun Eircom a cheannach i mí an Mheithimh 2001, lorg ISUF Eircom soiléiriúcháin i dtosach báire, ón bPríomh-Chigire Cánach, i dtaobh na n-impleachtaí cánach dá bhaill dá nglacfaidís leis an tairiscint. Nuair a dhealraigh sé dá nglacfaí leis an tairiscint gurb é an toradh a bheadh air ná go mbeadh baill ISUF faoi mhíbhuntáiste cánach, scríobh an ISUF chuig an Roinn Airgeadais á cur ar an eolas go dtiocfadh deacrachtaí chun solais agus ag lorg tiomantais ón Aire Airgeadais i leith reachtaíocht leasaithe a mholadh sa Bhille Airgeadais iardain. I ndiaidh iarrata a fuarthas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, thug an Roinn breith gur ceart an comhfhreagras ar fad lena n-áirítear an litir chuig an bPríomh-Chigire Cánach a scaoileadh. Rinne an ISUF breith na Roinne a achomharc le m'Oifig.

Chinn mé nach faoi rún a tugadh an comhfhreagras inar lorgaíodh athrú ar an reachtaíocht iomchuí nó nach raibh sé faoi réir aon dualgais muiníne. Bhí mé sásta, áfach, go raibh feidhm ag dualgas muiníne leis an "ábhar cúlra" arna sholáthar don Phríomh-Chigire Cánach a soláthraíodh d'fhonn "cabhrú leis an gCigire nádúr fiosraithe curtha ar an bPríomh-Chigire a thuiscint". Rinneadh an fhaisnéis chéanna a chóipeáil ina dhiaidh sin chuig an Roinn Airgeadais ag ISUF Eircom. I mo bhreith, dúirt mé go raibh an fhaisnéis chúlra sa chás seo de chineál príobháideach dáiríre bainteach le cúrsaí gnó ISUF.

Sa chomhfhreagras freisin bhí faisnéis airgeadais nó tráchtála áirithe a bhain leis an ISUF. Chinn mé, áfach, nach bhféadfadh feidhm a bheith ag an díolúine san Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le hábhar atá íogair ó thaobh na tráchtála de leis an ábhar seo ag tráth mo bhreithe mar go raibh an fhaisnéis sin nochta cheana féin ar láithreán gréasáin an ISUF agus/nó trí thuairisceáin bhliantúla comhdaithe ag Valentia Telecommunications (a bhí tar éis Eircom a cheannach) leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Taifid ar Chomórtas Tairisceana i ndáil le díol Bhanc ICC

I **gCás 99183** bhí orm a chinneadh ar ceart an táille agus an fhaisnéis íoca a chuir tairgeoirí ar éirigh leo ar aghaidh a nochtadh. Is é an cúlra leis an cás ná go ndearnadh iarraidh leis an Roinn Airgeadais ar rochtain ar thaifid a bhain leis an gcomórtas tairisceana le haghaidh cheapadh comhairleoirí don Aire Airgeadais ar dhíol Bhanc ICC. Dhiúltaigh an Roinn an iarraidh ar an bhforas go raibh an fhaisnéis tugtha faoi rún agus go raibh sí íogair ó thaobh na tráchtála de.

I m'athbhreithniú mheas mé go raibh mo chinneadh i **gCás 98188** agus a réamhtheachtaí, **Cás 98049**, ina raibh tairgeoirí don soláthar earraí, infheidhme tríd is tríd leis na tairgeoirí don soláthar seirbhísí. Sa chás seo chinn mé a luaithe a tháinig táillí beartaithe na dtairgeoirí ar éirigh leo chun bheith ina rátaí conartha, nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go gcoinneodh an Roinn an fhaisnéis sin nó aon téarmaí eile conartha faoi rún. De réir mo chonclúidí i **gCás 98188**, chinn mé, a luaithe a bhí an conradh bronnta, nach raibh rúndacht a thuilleadh ag faisnéis na tairisceana ar éirigh léi maidir leis na rátaí táille agus sonraí eile is gá chun cineál na seirbhísí a conraíodh a thuiscint.

Ghlac mé leis, áfach, go bhféadfadh sonraí na struchtúr táillí, lena n-áirítear sonraí faoi cad a d'fholaigh nó nár fholaigh na táillí, agus na téarmaí íoca a bheith ina n-ábhar spéise d'iomaitheoirí agus, dá scaoilfí iad, go bhféadfaí dochar a dhéanamh do staid iomaíoch na bpáirtithe a ndéantar difear dóibh. Mar sin féin, chinn mé gur fearr, tríd is tríd, a d'fhónfaí do leas an phobail dá scaoilfí an fhaisnéis seo i bhfianaise an ghá shuntasaigh le hoscailteacht agus cuntasacht i ndáil leis an gconradh.

De réir **Chás 98188**, ghlac mé leis, tríd is tríd, go gcoinnítear faisnéis mhion neamhnochta faoi ghnó tairgeora, faoina t(h)uiscint ar thionscadal ar leith agus a c(h)ur chuige i leith an tionscadail, agus faoina c(h)ur chuige i leith na tairisceana tríd is tríd, faoi rún agus go bhfuil sí íogair ó thaobh na tráchtála de i ndiaidh comórtais tairiscintí. Mar a luaigh mé i **gCás 98188**, ní bheadh gá le nochtadh faisnéise faoi rún atá íogair ó thaobh na tráchtála de ar mhaithe le leas an phobail tríd is tríd, mura mbeadh gá le cineál na n-earraí nó na seirbhísí ar íoc an comhlacht poiblí astu a mhíniú. Sa chás seo, chinn mé go raibh na measúnachtaí ar na tairgeoirí ar éirigh leo leordhóthanach chun leas an phobail in oscailteacht agus i gcuntasacht a shásamh i ndáil leis an bpróiseas roghnúcháin.

Cúiseanna le Gníomhartha Comhlachtaí Poiblí

Faoi alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise déantar socrú i dtaobh ráiteas cúiseanna a thabhairt le "gníomh" de chuid comhlachta phoiblí i gcás go ndéanann gníomh dá leithéid "difear" don iarratasóir agus go bhfuil "leas ábhartha aige nó aici i ní dá ndéanann an gníomh difear nó lena mbaineann sé". Ní mór don chomhlacht poiblí a lua sa ráiteas "aon fhionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha fíorais a bheidh déanta chun críocha an ghnímh". Faoi alt 18(5) foráiltear go bhfuil leas ábhartha dá leithéid ag duine más rud é go bhféadfaidh sé gurbh é toradh nó éifeacht an ghnímh ná "go dtabharfaí tairbhe don duine nó go gcoimeádfaí tairbhe siar ón duine gan í a thabhairt freisin, nó gan í a choimeád siar freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó d'aicme daoine nó ó aicme daoine atá sách líonmhar ...".

I **gCás 020353** dhiúltaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ráiteas cúiseanna a thabhairt d'iarratasóir maidir leis an gcúis gur dhiúltaigh sí deimhniú eadóirseachta a thabhairt dó. Rinne an t-iarratasóir, náisiúnach Somálach a raibh stádas iomlán dídeanaí tugtha

dó, iarratas leis an Roinn ar dheimhniú eadóirseachta faoi na hAchtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 agus 1986. Scríobh an Roinn chuige á chur ar an eolas gur diúltaíodh a iarratas ach níor thug sí cúiseanna leis an diúltú. I mí na Nollag 2001 rinne an t-iarratasóir iarratas leis an Roinn faoi alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise ar ráiteas cúiseanna leis an mbreith deimhniú eadóirseachta a dhiúltú dó. Dhiúltaigh an Roinn ráiteas cúiseanna a thabhairt á rá nach raibh aon oibleagáid ar an Aire faoi na hAchtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 agus 1986 (na hAchtanna Saoránachta) cúiseanna a thabhairt le breitheanna dá leithéidí, seasamh ar tacaíodh leis ag an Ard-Chúirt sa chás *Parshuram Mishra v. the Minister for Justice [1994 Uimh. 290 J.R.].* D'áitigh an Roinn nárbh fhéidir faoin Acht um Shaoráil Faisnéise oibleagáid a chur ar an Aire ráiteas cúiseanna a chur ar fáil.

Níor ghlac mé le hargóint na Roinne. I mo bhreith dúirt mé gur léir ó ghnáthchiall liteartha na bhfocal úsáidte in alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise, agus ó chomhthéacs an Achta um Shaoráil Faisnéise ina iomláine, go raibh sé i gceist ag an Oireachtas go dtabharfaí d'iarratasóir a ndearna gníomh comhlachta phoiblí difear dó nó di an ceart chun cúiseanna leis an ngníomh sin a fháil. Bhí sé sin ar neamhchead don cheist ar choisc, mar a mheas an Roinn de réir dealraimh, aon fhorálacha reachtúla a bhí ann roimhe an ceart sin trí rogha neamhshrianta, de réir cosúlachta, a thabhairt don chinnteoir.

Luaigh mé go raibh locht bunúsach i smaointeoireacht na Roinne, a raibh an chuma air gur cheap sí go raibh neamhréir riachtanach ann idir rogha leathan an Aire, dá ndéantar socrú in alt 15 de na hAchtanna Saoránachta, agus an nóisean tabhartha cúiseanna ag an Aire maidir le breith déanta le linn úsáid a bhaint as an rogha sin. I mo thuairim, ní raibh aon neamhréir in aon chor ann agus nach ndearna soláthar ráitis cúiseanna ag an Aire de bhun alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise cúngach ar aon slí ar an rogha a dhílsítear don Aire ag na hAchtanna Saoránachta. Ghlac mé leis, áfach, go mbeadh malairt scéil ann dá bhfaighfí sna hAchtanna Saoránachta cosc ar ráitis chúiseanna a thabhairt, rud nach bhfaightear.

Faoi alt 18, áfach, níl duine a bhfuil difear déanta dó nó di ag gníomh de chuid comhlachta phoiblí i dteideal ráitis cúiseanna i gcás gach gnímh de chuid an chomhlachta sin. I **gCás 031015** rinne an t-iarratasóir iarratas leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, (An Coláiste) ar ráiteas cúiseanna le breitheanna gach comhalta de Choiste Achomharc Scrúdúcháin an Choláiste a tugadh nach raibh marcanna a d'éiligh sé dlite. Is é an cúlra leis an gcás nach raibh an t-iarratasóir sásta leis na marcanna a fuair sé i scrúdú a rinne sé sa Choláiste. Chuir sé achomharc faoi bhráid Choiste Achomharc Scrúdúcháin an Choláiste inar éiligh sé marcanna breise áirithe. Chinn an Coiste Achomharc nach ceart, faoi réir méadú céatadánach beag sa mharc a bronnadh, go n-éireodh leis an achomharc. Rinne an t-iarratasóir iarratas leis an gColáiste ar ráiteas ina leagtar amach cúiseanna an scrúdaitheora agus gach comhalta de Choiste Achomharc Scrúdúcháin an Choláiste lena mbreith nach raibh marcanna a d'éiligh sé dlite. Sholáthair an Coláiste ráiteas cúiseanna ina litir bhreithe agus sholáthair soiléiriú breise ina bhreith san athbhreithniú inmheánach. Rinne an t-iarratasóir iarratas le m'Oifig ar athbhreithniú ar bhreith an Choláiste ar an bhforas nach raibh an ráiteas cúiseanna a tugadh leordhóthanach.

Sa chás seo chinn mé go gcuireann alt 18 ceangal ar cheann comhlachta phoiblí ráiteas cúiseanna a thabhairt ina mínítear go leordhóthanach cén fáth gur ghníomhaigh **an comhlacht** mar a rinne agus nach gceanglaíonn sé ar gach uile chomhalta den fhoireann a

d'fhéadfadh cur leis an bpróiseas cinnteoireachta nó a d'fhéadfadh a bheith páirteach ann cuntas a thabhairt ar a c(h)úiseanna le gach gníomh a rinne sé nó sí le linn phróiseas cinnteoireachta an chomhlachta. Chinn mé freisin go fiú má ghlac an Coiste breitheanna ar leith i ndáil le gach ceann de na 19 bpointe a d'ardaigh an t-iarratasóir ina achomharc scrúdúcháin, mar a thug an t-iarratasóir le fios, ní bheadh mar thoradh ar na breitheanna "tánaisteacha" sin, iontu féin, go siarchoinneofaí nó go mbronnfaí tairbhe. Bhí sé sin ar neamhchead don fhírinne go mbeidís tar éis treorú a thabhairt don phróiseas cinnteoireachta san iomlán agus don toradh deiridh a raibh bronnadh nó siarchoinneáil na tairbhe mar thoradh air.

Chinn mé gurb é gníomh nó breith an Choláiste a rinne difear don iarratasóir, agus a raibh leas ábhartha aige ann, an bhreith chun a achomharc a dhiúltú. Ar an bpointe sin, chinn mé go raibh an míniú a thug an Coláiste ar a bhreith chun an t-achomharc a dhiúltú leordhóthanach.

Cé gur thosaigh feidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise ar an 21 Aibreán 1998, níor tháinig roinnt comhlachtaí poiblí faoi raon an Achta ach le blianta beaga anuas. Mar shampla, bhí feidhm ag an Acht le hinstitiúidí oideachais tríú leibhéal ón 21 Deireadh Fómhair 2001. Cé go bhfuil feidhm ag forálacha an Achta i ndáil le rochtain ar thaifid ón 21 Aibreán 1998 le haghaidh na n-institiúidí sin, i **gCás 020485** tháinig an tsaincheist chun solais an raibh ceangal ar an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, (An Coláiste) ráiteas cúiseanna a thabhairt le haghaidh "gnímh" a tharla sular tháinig sé faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise. Sa chás seo bhí iarratas déanta ag an iarratasóir ar ráiteas cúiseanna maidir leis an bhfáth nár cuireadh ar ghearrliosta é le haghaidh comórtais inmheánaigh ardaithe céime a bhí ann i 1999. Dhiúltaigh an Coláiste ráiteas cúiseanna a thabhairt le haghaidh "an ghnímh" mar gur tharla sé roimh an 21 Deireadh Fómhair 2001, an dáta ar ar tháinig an Coláiste chun bheith faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. I mbreith níos túisce, **Cás 98095**, chinn mé nach raibh feidhm ag forálacha alt 18 le "gníomhartha" ag comhlachtaí poiblí a tharla roimh an 21 Aibreán 1998 mura mbeadh go raibh iarmhairt leanúnach ag an "ngníomh". Sa chás seo, ag féachaint do na rialacháin iomchuí a fhorordaíonn an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, agus comhlachtaí eile oideachais tríú leibhéal chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise, agus sa mhéid nach ann d'aon tagairt san Acht um Shaoráil Faisnéise nó sna rialacháin d'fhorálacha alt 18 a bheith cúlghabhálach, chinn mé go raibh údar maith le breith an Choláiste. Thairis sin, bhí mé sásta sa chás seo nár thainig an cheist chun solais maidir le hiarmhairt leanúnach a bheith ag an 'ngníomh'.

Pribhléid Ghairmiúil Dhlíthiúil agus Díseagadh Cúirte

Faoi alt 22(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise ní mór do chomhlacht poiblí rochtain ar thaifid áirithe a dhiúltú lena n-áirítear (a) taifid lena mbeadh feidhm ag pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil agus (b) taifid ar de chineál iad gur dhíspeagadh cúirte é a nochtadh. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil feidhm ag díolúine dá leithéid le taifid áirithe, tá braite agam ar na léirmhínithe agus fasaigh a nglactar leo atá leagtha amach i gcásdlí. Féadfaidh breitheanna dá leithéidí a bheith casta agus féadfaidh siad deacrachtaí a chothú do chomhlachtaí poiblí ar beag an gá a bheadh acu, le linn gnáthimeachtaí, le staidéar a dhéanamh ar mhiondifríochtaí na gcoincheapanna dlíthiúla sin. I 2003, mar a rinne i mblianta roimhe, tá roinnt breitheanna foilsithe agam atá dírithe ar chabhair a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus do dhreamanna eile chun úsáid chuí na díolúine áirithe sin a shoiléiriú.

Ceann de na saincheisteanna ar thug mé aghaidh uirthi i **gCás 020281** is ea an raibh comhfhreagras inmheánach áirithe idir Aonad Seirbhísí Dlíthiúla na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus a hAonad Tacaíochta do Mhic Léinn díolmhaithe ar fhoras pribhléide gairmiúla dlíthiúla. Tháinig dabht chun solais maidir leis an gceist an bhféadfadh feidhm a bheith ag pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil le comhfhreagras dá leithéid mar nach raibh foireann uile an Aonaid Seirbhísí Dlíthiúla cáilithe go dlíthiúil ar bhonn gairmiúil. Le linn an athbhreithnithe chuir mé ceisteanna áirithe ar an Roinn maidir le nósanna imeachta laethúla an Aonaid Seirbhísí Dlíthiúla. Tháinig sé chun solais go raibh ceann an Aonaid Seirbhísí Dlíthiúla ag an am ina abhcóide agus go raibh sé mar sin cáilithe go dlíthiúil *ar bhonn gairmiúil*. Dúirt ceann an Aonaid gur bhuail sé leis an bhfoireann a bhí freagrach as na taifid i gceist a chruthú ar dhá ócáid ar a laghad sular cuireadh aon chomhairle in iúl agus ar an gcaoi sin gur cinntíodh go raibh an chomhairle a cuireadh ar fáil ceadaithe aige féin. Is é a bhí sna baill foirne a bhí ag obair san Aonad dáiríre ná gníomhairí chun fiosruithe a fháil agus chun comhairle a chur in iúl. Thug mé do m'aire gur mheas oifigigh an Aonaid Seirbhísí Dlíthiúla, a ndearnadh teagmháil leo le linn an athbhreithnithe seo, tríd is tríd go raibh an fhreagracht deiridh as comhairle arna heisiúint ón Aonad ar a cheann. Dá réir sin, bhí mé sásta go bhféadfadh feidhm a bheith ag pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil le comhfhreagras dá leithéid.

Maidir le taifid ina bhfuil meabhrúcháin seolta ag oifigigh san Aonad Tacaíochta do Mhic Léinn chuig an Aonad Seirbhísí Dlíthiúla i ndáil le comhairle á lorg, chinn mé go mbaineann pribhléid leis na taifid sin ar an mbonn go bhfuil siad mar chuid de chontanam comhfhreagrais a bhí mar thoradh ar an iarraidh bhunaidh ar chomhairle. I mo bhreith thagair mé don chás *Balabel v Air India [(1988) Ch. 317; [1988] 2 All E.R., 246, CA.]* arbh é cinneadh na Cúirte Achomhairc ann go mbeidh i bhformhór an chaidrimh idir aturnae agus cliant, go háirithe i gcás go ngabhann déileálacha fadálacha le hidirbheart, contanam cumarsáide agus cruinnithe ann idir an t-aturnae agus an cliant; agus i gcás go bhfuil faisnéis le cur in iúl dá chéile mar chuid den chontanam sin, leis an aidhm an dá thaobh a choinneáil ar an eolas ionas gur féidir comhairle a lorg agus a thabhairt de réir mar is cuí, go mbeidh feidhm ag pribhléid.

Chinn mé freisin go bhféadfaidh feidhm a bheith ag pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil le haguisín le hiarraidh ar chomhairle dhlíthiúil dá ndéanfaí ábhar comhairle dlíthiúla a fuarthas roimhe a nochtadh dá scaoilfí an aguisín.

Saincheist a raibh orm breithniú a dhéanamh uirthi i **gCás 020242** ná an bhféadfaí imeachtaí faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Imscrúduithe Comhionannais (OSIC) a mheas mar 'dhlíthíocht'. Tháinig an tsaincheist chun solais i ndiaidh iarrata leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar rochtain ar roinnt taifead lena n-áirítear comhfhreagras idir an OSIC agus comhairleoir dlíthiúil na Roinne, an Príomh-Aturnae Stáit. D'éiligh an Roinn go raibh feidhm ag pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil le comhfhreagras dá leithéid.

Cumasaíonn pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil don chliant rúndacht, *inter alia*, na cumarsáide rúnda arna déanamh idir comhairleoir dlíthiúil gairmiúil agus tríú páirtí a chothabháil, arb é an cuspóir ceannais atá léi ná dlíthíocht bheartaithe/ar feitheamh a ullmhú. D'fhéadfaí a áitiú nach féidir imeachtaí os comhair an OSIC a aicmiú mar dhlíthíocht mar nach cúirt í an OSIC a ndéantar foráil maidir léi faoi Achtanna na gCúirteanna. D'fhonn an ghné seo den sainiú ar phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a shásamh, áfach, ní gá an fóram a shainaithint ina bhféadfadh an dlíthíocht tarlú. Is féidir dlíthíocht a bheartú sula ndéantar breithniú ar an bhfóram le haghaidh dlíthíochta.

Tá curtha in iúl dom go dtugann cásdlí le fios go mbíonn dlíthíocht "beartaithe" i gcás gur ann d'ionchas, do thuiscint nó do bhagairt dlíthíochta agus ní díreach an tsúil léi. I mo bhreith luaigh mé sliocht as *Silver Hill Duckling v Minister for Agriculture & Anor.* inar dhealraigh sé nach raibh an fócas ar an bhfóram ar leith ina bhféadfaí an gnó a réiteach ach ina áit sin ar an bhfírinne go bhféadfadh sé go mbeadh gá le himeachtaí d'aon chineál chun an gnó a réiteach. Mar sin, níor bhain sé le hábhar go raibh na himeachtaí faoi bhráid an OSIC sa chás seo. Is é an t-aon chritéar bainteach a bhí ann ná an raibh na páirtithe páirteach i ndíospóid de chineál éigin a bhí tar éis an chéim a shroicheadh go raibh sé follasach nach bhféadfaí an gnó a réiteach ach trí mheán imeachtaí i bhfóram eile, nár ghá a chineál a dhéanamh amach nó a shainaithint ag tráth ullmhaithe na ndoiciméad iomchuí.

Chinn mé freisin, mar mhalairt air sin, go bhféadfadh sé fós go dtarraingeodh taifid pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil dá mbeadh na taifid ullmhaithe ag cuimhneamh ar achomharc i ndiaidh na breithe de chuid comhlachta mar an OSIC. Sa chás seo bhí ceart achomhairc ann ón OSIC leis an gCúirt Oibreachais agus leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Bhí mé sásta go mbeadh an Roinn le linn di a cosaint roimh an OSIC a ullmhú ar an eolas faoin gceart breise achomhairc leis an Ard-Chúirt agus go mbeadh sí ag cuimhneamh air sin le linn na doiciméid chuí a ullmhú. Mar sin, bhí mé sásta go raibh dlíthíocht roimh an Ard-Chúirt beartaithe ag an Roinn sa chás seo nuair a bhí na taifid á n-ullmhú agus, sna himthosca, go raibh sí díolmhaithe óna scaoileadh. Agus mo bhreith á tabhairt luaigh mé freisin, áfach, nach mbeadh feidhm ag an argóint seo dá mbeadh fianaise shoiléir ann nach raibh an Roinn chun úsáid a bhaint as aon sásra achomhairc nó athbhreithnithe.

I **gCás 99276** bhí rochtain iarrtha ag an iarratasóir ar gach taifead a bhí i seilbh Bhord Sláinte an Oirthir a bhain leis féin agus lena leanaí. Dhiúltaigh an Bord rochtain ar chuid mhaith de na taifid ar an mbonn go raibh siad curtha ar fáil don iarratasóir de bhun na próise follasaithe le linn imeachtaí Ard-Chúirte idir an t-iarratasóir agus an Bord. Mheas an Bord in éagmais chead na Cúirte gur dhíspeagadh cúirte é nochtadh na dtaifead faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a bhí curtha ar fáil cheana féin faoi fhollasú.

Is riail a nglactar go soiléir léi go bhfuil toirmeasc ar pháirtí atá ag fáil táirgeadh doiciméad bealach follasaithe i gcaingean úsáid a bhaint as na doiciméid nó as an bhfaisnéis a fhaightear iontu ar bhealach eile nach chun críche na caingne é. I mo bhreith, mheas mé an ábharthacht fhéideartha maidir leis an bpáirtí atá ag cur na ndoiciméad ar fáil ag tarscaoileadh an ghealltanais intuigthe rúndachta atá tugtha ag an bpáirtí atá ag fáil na ndoiciméad faoi fhollasú. Tugtar an gealltanas ar mhaithe leis an bpáirtí atá ag cur na ndoiciméad ar fáil, arb é an Bord é sa chás seo. Chinn mé gur gnó atá iomlán faoi chumhacht an chomhlachta phoiblí é tarscaoileadh an ghealltanais sin i gcás nach bhfaightear ann ach an gnáthghealltanas intuigthe tugtha do chomhlacht poiblí. Mar sin is gnó faoi rialú an chomhlachta phoiblí é an cheist ar dhíspeagadh cúirte é nochtadh na dtaifead. Sa chás seo rinne an Bord an rogha gan an t-iarratasóir a scaoileadh ón ngealltanas intuigthe gan úsáid a bhaint as na taifid ach chun na gcríoch sin dá ndeonaíodh an t-ordú follasaithe. Dhealraigh sé go raibh an Bord ag áitiú nach raibh sé saor ó tharscaoileadh an ghealltanais, in éagmais ordaithe ag an gCúirt. Níor ghlac mé leis gur mar sin a bhí, le fírinne.

I ndáil le taifid áirithe a bhí malartaithe go hoscailte idir an Bord agus an t-iarratasóir sular liostaíodh sa Mhionnscíbhinn Follasaithe iad, bhí mé den tuairim go raibh na taifid sin malartaithe lasmuigh de cheangail na próise follasaithe agus

an chórais Saorála Faisnéise araon. Chinn mé go mbeadh sé ar neamhréir le réasúnaíocht an ghealltanais a tugadh ar fhollasú dá measfaí gur chlúdaigh an geallanas intuigthe na doiciméid sin.

Chinn mé go raibh feidhm ag an ngealltanas intuigthe rúndachta leis an gcuid eile de na taifid a bhí curtha ar fáil don iarratasóir ar fhollasú. Mar thoradh ar an gcaoi a dtugtar an gealltanas don chúirt freisin, le héagmais tarscaoilte nó toilithe ag an bpáirtí atá ag déanamh follasaithe d'fhágfaí gur díspeagadh cúirte é aon nochtadh taifead ag iarratasóir a cuireadh ar fáil roimhe ar fhollasú. Mar sin, chinn mé gur dhíspeagadh cúirte é nochtadh na coda eile de na taifid a cuireadh ar fáil ar fhollasú.

Cé gur dhearbhaigh mé breith an Bhoird sa chás seo, tagann ceist chun solais, i mo thuairim, maidir le réasúntacht diúltaithe de chuid comhlachta phoiblí chun gealltanas a tharscaoileadh sna himthosca seo. Ní mór do chomhlacht poiblí, le linn breith a thabhairt faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, cúiseanna a thabhairt lena bhreith lena n-áirítear, go háirithe "na fionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha is iomchuí maidir leis an mbreith" (féach alt 8(2)(d)(ii) d'Acht 1997 mar atá leasaithe). Cé nach fúm atá sé mar Choimisinéir Faisnéise cinneadh ar réasúntacht bhreith an Bhoird sa ghnó seo, thug mé le fios i mo bhreith go bhféadfadh bealaí eile a bheith ar fáil don iarratasóir sa chás seo lena n-áirítear, mar shampla, gearán leis an Ombudsman. Ba mhaith liom a rá freisin go mbeinn ag súil tríd is tríd go ndéanfadh comhlacht poiblí a dhiúltaíonn gealltanas a tharscaoileadh sna himthosca seo cúiseanna lena diúltú déanamh amhlaidh a chur ar fáil ina bhreith.

I **gCás 010288** lorg an t-iarratasóir rochtain ar thaifid a bhí i seilbh Chlinic Lucena (an Clinic) maidir leis féin agus lena mhac. Bhí iarratas déanta ag Bord Sláinte leis an gCúirt Dúiche faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, ar ordú maoirseachta do mhac an iarratasóra, ar ina dhiaidh a ceapadh Caomhnóir *ad litem* le haghaidh mhac an iarratasóra. D'ordaigh an Chúirt go gcuirfí gach taifead i ndáil leis an leanbh ar fáil don Chaomhnóir *ad litem* chun críocha a tuarascáil don Chúirt a éascú. D'ordaigh sí freisin go gcuirfí mac an iarratasóra faoi scrúdú ag Síciatraí Comhairleach Leanaí, ar ina dhiaidh a shocraigh an Caomhnóir *ad litem* le Síciatraí Comhairleach ag an gClinic an leanbh a scrúdú agus tuairisc sláinte-dhlíthiúil a chur ar fáil di chun críocha an cháis Cúirte.

D'éiligh an Clinic gur tháinig gach doiciméadú a bhí ina sheilbh i ndáil le mac an iarratasóra chun bheith ina sheilbh chun críocha an tuarascáil sláinte-dhlíthiúil a ullmhú amháin, a iarradh ag Ordú Cúirte i gcomhthéacs na n-imeachtaí dlíthiúla. Tionóiltear imeachtaí cúirte faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, ar bhealach eile seachas go poiblí agus tá feidhm ag an riail *i gcúirt iata* le himeachtaí dá leithéidí; is díspeagadh cúirte é má chraobhscaoileann aon duine faisnéis a ghabhann ó imeachtaí a thionóiltear *i gcúirt iata* gan údarás breithiúnach a fháil roimh ré.

D'áitigh an t-iarratasóir dá scaoilfí na taifid leis nach mbeifí ag sárú na rialach *i gcúirt iata* mar go raibh sé ina pháirtí sna himeachtaí. Sa bhreith, dúirt mé nach féidir nochtadh taifead leis an iarratasóir a idirdhealú ó nochtadh leis an domhan mór agus gur dhíspeagadh cúirte é dá scaoilfí na taifid faoi réir na *rialach i gcúirt iata* leis an iarratasóir, go fiú má bhí an t-iarratasóir ar an eolas faoi ábhar roinnt de na taifid.

I ndáil le taifid arna gcruthú roimh na himeachtaí cúirte, chinn mé go bhfuarthas iad ag an gCaomhnóir *ad litem* chun críocha a tuarascáil don Chúirt a ullmhú agus gur tháinig siad mar sin

chun bheith ina ndoiciméid chúirte, faoi réir na rialacha *i gcúirt iata*. Chinn mé freisin go raibh taifid arna gcruthú ag an gClinic roimh na himeachtaí deiridh cúirte faoi réir na rialach *i gcúirt iata*, ach nach raibh taifid arna gcruthú i ndiaidh na n-imeachtaí cúirte faoi réir na rialach *i gcúirt iata*, cé go bhféadfadh sé go mbeadh baint ag an ábhar iontu ar shlí éigin leis na himeachtaí.

5

Staitisticí 2003

5 Staitisticí 2003

Innéacs do na Táblaí

Cuid I – Comhlachtaí Poiblí

Tábla 1 FORBHREATHNÚ AR IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2003

Tábla 2 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO AGUS A RINNEADH A ACHOMHARC INA DHIAIDH SIN - 2003

Tábla 3 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUARTHAS, ANAILÍS DE RÉIR CHINEÁL IARRATASÓRA - 2003

Tábla 4 FORBHREATHNÚ AR IARRATAÍ AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2003

Tábla 5 ANAILÍS AR IARRATAÍ AR DHÉILEÁIL EARNÁIL NA SEIRBHÍSE POIBLÍ LEO - 2003

Tábla 6 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR RANNA NA STÁTSEIRBHÍSE - 2003

Tábla 7 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR ÚDARÁIS ÁITIÚLA - 2003

Tábla 8 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR BOIRD SLÁINTE - 2003

Tábla 9 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR OSPIDÉIL SHAORÁLACHA, SEIRBHÍSÍ SLÁINTE MEABHRACH AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ GAOLMHARA EILE - 2003

Tábla 10 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ OIDEACHAIS TRÍÚ LEIBHÉAL - 2003

Tábla 11 IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ EILE - 2003

(TUGTAR D'AIRE: Figiúirí do na táblaí thuas arna soláthar ag Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse, an Grúpa Náisiúnta Idirchaidrimh Saorála Faisnéise do Bhoird Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise.)

Cuid II – Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Tábla 12 ANAILÍS AR IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ A FUARTHAS - 2003

Tábla 13 ANAILÍS AR CHÁSANNA ATHBHREITHNITHE - 2003

Tábla 14 IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ AR GHLAC AN COIMISINÉIR FAISNÉISE LEO: ANAILÍS DE RÉIR COMHLACHTA PHOIBLÍ - 2003

Tábla 15 TORADH ATHBHREITHNITHE CRÍOCHNAITHE - COMPARÁID TRÍ BLIANA

Tábla 16 ÁBHAR NA nIARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ AR GLACADH LEO - COMPARÁID TRÍ BLIANA

Tábla 17 IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ AR GLACADH LEO DE RÉIR CINEÁIL - COMPARÁID TRÍ BLIANA

CUID I - COMHLACHTAÍ POIBLÍ

1. FORBHREATHNÚ AR IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2003

Iarrataí idir lámha - 01/01/2003		**3,947 [1]**
Iarrataí a fuarthas i 2003		
	Pearsanta	*10,842*
	Neamhphearsanta	*7,216*
	Measctha	*385*
Iomlán		**18,443**
Iomlán na n-iarrataí idir lámha le linn na bliana		22,390
Iarrataí ar déileáladh leo		**15,870**
Iarrataí idir lámha - 31/12/2003		**6,520**

[1] Bhí an figiúr de 4,011 iarraidh idir lámha ag 31/12/2002, mar a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, mícheart i ngeall ar earráidí a rinne líon beag comhlachtaí poiblí le linn dóibh a bhfigiúr de "iarrataí ar déileáladh leo" do 2002 a ríomh. Níor tháinig na hearráidí sin chun solais ach tar éis gur foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite.

2. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO AGUS A RINNEADH A ACHOMHARC INA DHIAIDH SIN - 2003

	Líon	Céatadán
Iarrataí Saorála Faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo	15,870	100%
Athbhreithnithe inmheánacha a fuair comhlachtaí poiblí	1,580	10%
Iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	922[2]	6%

[2] Folaíonn an figiúr seo 36 iarratas, tugtha anonn ó 2002, ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2003. Rinneadh 1,117 n-iarratas leis an gCoimisinéir i 2003 - féach Tábla 12 le haghaidh sonraí.

3. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUARTHAS, ANAILÍS DE RÉIR CHINEÁL IARRATASÓRA - 2003

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	2,346	13%
Lucht Gnó	1,736	9%
Comhaltaí den Oireachtas	366	2%
Baill foirne Comhlachtaí Poiblí	937	5%
Eile	13,058	71%
Iomlán a fuarthas - 2003	**18,443**	**100%**

4. FORBHREATHNÚ AR IARRATAÍ AR DHÉILEÁIL COMHLACHTAÍ POIBLÍ LEO - 2003

	Líon	Céatadán
Iarrataí dár géilleadh	8,009	51%
Iarrataí dár géilleadh i bpáirt	3,036	19%
Iarrataí a diúltaíodh	2,714	17%
Iarrataí a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	365	2%
Iarrataí a tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise	1,746	11%
Iomlán ar déileáladh leo	**15,870**	**100%**

5. ANAILÍS AR IARRATAÍ AR DHÉILEÁIL EARNÁIL NA SEIRBHÍSE POIBLÍ LEO - 2003

	Céatadán dár géilleadh	Céatadán dár géilleadh i bpáirt	Céatadán a diúltaíodh	Céatadán a aistríodh	Céatadán a tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise	Iomlán
Ranna na Státseirbhíse	37%	26%	17%	4%	16%	100%
Údaráis Áitiúla	58%	13%	19%	1%	9%	100%
Boird Sláinte	66%	14%	14%	3%	3%	100%
Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus gníomhaireachtaí gaolmhara	61%	14%	11%	0.5%	13.5%	100%
Institiúidí Tríú Leibhéal	54%	19%	17%	0%	10%	100%
Comhlachtaí Eile	28%	24%	30%	1%	17%	100%

6. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR RANNA NA STÁTSEIRBHÍSE - 2003

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	2,378	355	3	2,736
An Roinn Sláinte agus Leanaí	532	302	0	834
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	362	263	11	636
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	516	77	0	593
An Roinn Talmhaíochta agus Bia	178	125	3	306
An Roinn Airgeadais	24	279	2	305
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	29	273	1	303
Na Fórsaí Cosanta	246	35	14	295
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	6	228	0	234
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	83	107	0	190
An Roinn Iompair	5	151	0	156
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	16	129	8	153
Roinn an Taoisigh	5	133	4	142
An Roinn Cosanta	21	81	4	106
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	4	97	0	101
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	22	72	1	95
Oifig na nOibreacha Poiblí	5	69	2	76
Coimisiún na Státseirbhíse	53	9	6	68
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	6	52	2	60
Oifig Thithe an Oireachtais	5	36	0	41
An Coimisiún um Cheapacháin Áitiúla	21	8	4	33
Oifig an Ard-Aighne	3	15	0	18
An Phríomh-Oifig Staidrimh	7	5	0	12
Oifig an Choimisinéara Faisnéise	4	7	0	11
Oifig an Ombudsman	1	7	0	8
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	3	5	0	8
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	2	4	0	6
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	0	6	0	6
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann	1	5	0	6
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	0	6	0	6
Oifig Choimisinéir Luachála na hÉireann	1	4	0	5
Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí	0	5	0	5
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	1	4	0	5
Oifig an Choimisinéara Achomharc do na hAchtanna Cánach	1	0	0	1
Iomlán a Fuarthas - 2003	**4,541**	**2,954**	**65**	**7,560**

7. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR ÚDARÁIS ÁITIÚLA[3] - 2003

Údarás Áitiúil	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	167	186	6	359
Comhairle Contae Fhine Gall	40	112	3	155
Maigh Eo	50	88	5	143
Dún Laoghaire - Ráth an Dúin	33	97	7	137
Comhairle Contae na Gaillimhe	14	115	0	129
Comhairle Contae Chorcaí	30	87	8	125
Ciarraí	20	94	9	123
Lú	28	94	0	122
An Clár	11	92	0	103
Cill Chainnigh	34	67	0	101
Cill Mhantáin	5	84	1	90
An Mhí	5	79	2	86
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	32	54	0	86
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	39	46	0	85
Loch Garman	7	51	9	67
Cill Dara	13	51	1	65
Comhairle Contae Luimnigh	57	0	0	57
Comhairle Cathrach Luimnigh	14	40	2	56
Sligeach	11	45	0	56
Comhairle Cathrach Chorcaí	12	39	0	51
Dún na nGall	24	27	0	51
Ros Comáin	18	33	0	51
Tiobraid Árann - Trian Theas	9	32	1	42
An Iarmhí	11	20	9	40
Tiobraid Árann - Trian Thuaidh	9	27	4	40
Uíbh Fhailí	8	30	0	38
Laois	8	28	0	36
An Cabhán	6	23	0	29
Comhairle Cathrach Phort Láirge	7	20	0	27
Comhairle Contae Phort Láirge	4	22	1	27
Liatroim	6	19	1	26
An Longfort	7	15	0	22
Ceatharlach	1	21	0	22
Muineachán	2	19	0	21
Iomlán a Fuarthas - 2003	**742**	**1,857**	**69**	**2,668**

[3] Folaíonn na figiúirí, i gcás gur cuí, iarrataí Saorála Faisnéise a fuair Comhairlí Baile.

8. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR BOIRD SLÁINTE

Bord Sláinte	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An Deisceart	711	70	1	782
An tIarthar	539	69	0	608
An tIarthar Láir[4]	448	58	0	506
An tOirthuaisceart	415	59	2	476
An tOirdheisceart	414	26	0	440
An tIarthuaisceart	375	23	7	405
Limistéar an Tuaiscirt	200	96	0	296
Limistéar an Iardheiscirt	159	124	0	283
An Lár-Réigiún	176	68	0	244
Limistéar Chósta an Oirthir	59	71	0	130
Údarás Corparáideach Sláinte Réigiúnach an Oirthir	2	38	0	40
Seirbhísí Rannpháirtithe Sláinte an Oirthir[5]	17	10	0	27
Iomlán a Fuarthas - 2003	**3,515**	**712**	**10**	**4,237**

[4] Fuair Bord Sláinte an Iarthair Láir 124 iarraidh Saorála Faisnéise ó iarratasóir amháin. Rinne an duine aonair céanna 40 iarratas ar athbhreithniú inmheánach freisin

[5] Foirmíodh Seirbhísí Rannpháirtithe Sláinte an Oirthir mar thoradh ar bhunú an Údaráis Sláinte Réigiúnach an Oirthir agus na dtrí Bhord Sláinte Limistéir. Ó thaobh eagrúcháin de tá sé mar chuid de Bhord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir ach oibríonn sé mar aonad gnó neamhspleách, áfach.

9. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR OSPIDÉIL SHAORÁLACHA, SEIRBHÍSÍ SLÁINTE MEABHRACH AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ GAOLMHARA EILE - 2003

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
Ospidéal Mater Misericordiae	119	85	0	204
Bord Ospidéal N. Séamas	176	24	0	200
Ospidéal Thamhlachta (Ospidéal Adelaide agus na Mí, ag ionchorprú an Ospidéil Náisiúnta Leanaí)	120	78	1	199
Bord Ospidéal Beaumont	69	88	0	157
Ospidéal Ollscoile N. Uinseann	47	85	2	134
Ospidéal an Rotunda	78	16	0	94
Ospidéal na Trócaire, Corcaigh	87	4	0	91
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles	71	13	0	84
Ospidéal Mhuire do Leanaí Easlána, Cromghlinn	53	17	6	76
South Infirmary - Victoria Hospital Ltd, Corcaigh	66	1	0	67

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An tOspidéal Ríoga Victeoiriach Súl agus Cluas	62	2	0	64
Ospidéal Ban an Choim	41	17	0	58
An tOspidéal Leanaí, Sráid an Teampaill	35	13	2	50
Ord Spidiléirí N. Eoin Dé	38	1	2	41
Bráithre na Carthanachta, Corcaigh	32	2	0	34
Ospidéal N. Eoin, Luimneach	27	1	0	28
Bráithre na Carthanachta, Gaillimh	19	0	0	19
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapach, Baile Átha Cliath	11	8	0	19
Ospidéal N. Uinseann, Fionnradharc	16	2	0	18
Seirbhísí Theach Sunbeam	17	0	0	17
An Lárchlinic Íocshláinte	15	1	0	16
Iníonacha na Carthanachta	15	1	0	16
Enable Ireland	0	0	15	15
Fondúireacht COPE	12	1	1	14
Ospidéal N. Micheál, Dún Laoghaire	10	3	1	14
Bráithre na Carthanachta, Luimneach	11	0	0	11
Ospidéal Craicinn & Ailse Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid Hume	2	8	1	11
Bord Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath	7	3	0	10
An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin	6	4	0	10
Bráithre na Carthanachta, Port Láirge	6	0	0	6
Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann	3	3	0	6
Ospidéal N. Liúc, Ráth Garbh	0	6	0	6
Teach N. Micheál, Baile Munna	4	1	1	6
Ospidéal Stíobhar, Baile Phámara	5	1	0	6
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	0	5	0	5
Ospidéal N. Muire, Baile Dúill	5	0	0	5
Cumann Cúraim an Iarthair	4	1	0	5
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	2	1	0	3
Bord Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	1	2	0	3
An Cumann Náisiúnta do Bhodhair	2	1	0	3
Ospís Mhuire, Cros Araild	1	2	0	3
Eile[6]	8	5	0	13
Iomlán a Fuarthas - 2003	**1,303**	**506**	**32**	**1,841**

[6] San earnáil seo tá 24 chomhlacht phoiblí nár mhó líon iomlán na n-iarrataí uathu ná 2 iarraidh i ngach cás.

10. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ OIDEACHAIS TRÍÚ LEIBHÉAL - 2003

Comhlacht Oideachais Triú Leibhéal	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	120	16	0	136
Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide)[7]	72	55	3	130
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	43	59	9	111
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh	33	25	3	61
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	13	31	0	44
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh	27	4	0	31
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	18	12	0	30
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	9	17	1	27
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	10	13	0	23
Ollscoil Luimnigh	8	13	1	22
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad	8	11	0	19
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí	0	8	0	8
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	7	5	0	12
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo	8	4	0	12
Institiúid Teicneolaíochta Ceatharlaigh	2	8	2	12
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh	4	6	1	11
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaigh	1	7	0	8
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn	2	6	0	8
Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht	3	4	0	7
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	4	1	1	6
An tÚdarás Ardoideachais	0	6	0	6
Institiúid Thiobraid Árann	2	4	0	6
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach	3	1	0	4
Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	1	2	1	4
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir	0	3	0	3
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh	2	1	0	3
Eile[8]	0	6	0	6
Iomlán a Fuarthas - 2003	**400**	**328**	**22**	**750**

[7] Fuair Ollscoil Bhaile Átha Cliath 77 n-iarraidh Saorála Faisnéise ó iarratasóir amháin. Rinne an duine aonair céanna 22 iarratas ar athbhreithniú inmheánach freisin.

[8] San earnáil seo tá 6 chomhlacht phoiblí nár mhó líon iomlán na n-iarrataí uathu ná 2 iarraidh i ngach cás.

11. IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE A FUAIR COMHLACHTAÍ EILE - ANAILÍS DE RÉIR COMHLACHTA PHOIBLÍ[9] - 2003

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	12	109	173	294
RTÉ	3	122	0	125
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	1	70	0	71
An tSeirbhís Chúirteanna	39	16	0	55
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	0	50	0	50
An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh	49	1	0	50
FÁS	20	25	2	47
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	0	42	0	42
Fáilte Éireann (Bord Fáilte & Cert roimhe)	15	26	0	41
Teagasc	32	9	0	41
An Bord Pleanála	4	31	0	35
An Chomhairle Ealaíon	5	27	1	33
An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród	6	25	0	31
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	8	22	0	30
Bord Cógas na hÉireann	2	26	0	28
Clárlann na Talún & An Chlárlann Gníomhas	24	1	0	25
An tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa	23	2	0	25
An Príomh-Oifigeach Míochaine don Státseirbhís	24	0	0	24
Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustan na Sionna Tec	2	22	0	24
Comhairle na nOspidéal	0	23	0	23
Údarás na Gaeltachta	0	23	0	23
Fiontraíocht Éireann	0	18	4	22
Bord Fuilaistriúcháin na hÉireann	6	10	0	16
ÚFT Éireann	0	16	0	16
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	12	3	0	15
FORFÁS	5	7	0	12
An Bord Pinsean	0	12	0	12
Comhairle Spóirt na hÉireann	0	9	2	11
An Chartlann Náisiúnta	7	2	0	9
An Príomh-Bhord Iascaigh	6	2	0	8
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	5	3	0	8
Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	0	7	0	7
Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann	1	6	0	7
An Bord Iascaigh Mhara	1	5	0	6

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iomlán
An tÚdarás Iomaíochta	0	6	0	6
An Chomhairle Oidhreachta	0	6	0	6
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt	1	3	2	6
An Coimisiún um Rialáil Leictreachais	0	5	0	5
Comhairle Sábháilteachta Uisce na hÉireann	3	2	0	5
An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais	5	0	0	5
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	2	3	0	5
Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir	0	5	0	5
An Foras Mara	0	5	0	5
Area Development Management Limited	1	3	0	4
Campus & Stadium Ireland Development Limited	0	4	0	4
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	0	4	0	4
Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla	4	0	0	4
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	0	4	0	4
An tÚdarás Comhionannais	0	3	1	4
TG4	0	4	0	4
Bord Iascaigh Réigiúnaigh na Sionainne	1	3	0	4
Oifig an Chinsire Scannán	0	3	0	3
Bord na gCapall	1	2	0	3
Oifig Iompair Átha Cliath	0	3	0	3
Bord Scannán na hÉireann	1	2	0	3
Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt	3	0	0	3
Eile[10]	7	17	2	26
Iomlán a Fuarthas - 2003	**341**	**859**	**187**	**1,387**

9 Sa tábla seo faightear figiúirí don úsáid a baineadh as Saoráil Faisnéise, arna dtiomsú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i gcás roinnt gníomhaireachtaí faoi choimirce Ranna Rialtais éagsúla agus comhlachtaí in earnálacha mar an Earnáil Craolacháin & Cultúir, an Earnáil Rialúcháin, an Earnáil Seirbhísí Sláinte, an Earnáil Fiontraíochta agus an Earnáil Comhshaoil.

10 San earnáil seo tá 49 gcomhlacht phoiblí nár mhó líon iomlán na n-iarrataí uathu ná 2 iarraidh.

CUID II - OIFIG AN CHOIMISINÉARA FAISNÉISE

12. ANAILÍS AR IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ A FUARTHAS - 2003		
Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 1/1/2003	47	
Iarratais ar athbhreithniú a fuarthas 2003	1,117	
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú idir lámha i 2003		**1,164**
Iarratais neamhbhailí	96	
Iarratais a tarraingíodh siar	37	
Iarratais a diúltaíodh	53	
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2003	922	
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú a breithníodh i 2003		**1,108**
Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 31/12/2003	56	

13. ANAILÍS AR CHÁSANNA ATHBHREITHNITHE - 2003		
Athbhreithnithe idir lámha - 1/1/2003	602	
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2003	922	
Iomlán na n-athbhreithnithe idir lámha i 2003		**1,524**
Athbhreithnithe a críochnaíodh		728
Athbhreithnithe idir lámha - 31/12/2003		**796**

14. IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ AR GHLAC AN COIMISINÉIR FAISNÉISE LEO: ANAILÍS DE RÉIR COMHLACHTA PHOIBLÍ - 2003

	Líon na nAthbhreithnithe ar glacadh leo i 2003
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	302
An Roinn Sláinte agus Leanaí	193
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	39
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	30
An Roinn Talmhaíochta agus Bia	25
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	16
Bord Sláinte an Deiscirt	16
An Roinn Airgeadais	15
Bord Sláinte an Iarthair Láir	15
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	13
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	11
An Roinn Iompair	9
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	8
Bord Sláinte an Oirdheiscirt	8
Comhairle Contae Luimnigh	7
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt	7
Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt	7
Bord Sláinte an Iarthair	7
Comhairle Cathrach Chorcaí	6
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	6
Bord Sláinte an Iarthuaiscirt	6
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	6
Bord Sláinte an Lár-Réigiúin	5
Oifig na nOibreacha Poiblí	5
RTÉ	5
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh	5
Comhairle Contae an Chláir	4
Na Fórsaí Cosanta	4
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	4
Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir	4
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	4
Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt	4
Teagasc	4
Eile[11]	122
Iomlán	**922**

[11] San earnáil seo tá 75 chomhlacht phoiblí nár mhó líon iomlán na n-iarratas uathu ná 3 iarratas i ngach cás.

15. TORADH ATHBHREITHNITHE CRÍOCHNAITHE - COMPARÁID TRÍ BLIANA

	2001	Céatadán	2002	Céatadán	2003	Céatadán
Breith dearbhaithe	167	**38%**	166	**31%**	270	**37%**
Breith athraithe	51	**12%**	60	**11%**	54	**7%**
Scoradh den iarratas	20	**4%**	20	**4%**	34	**5%**
Thángthas ar shocrú	72	**16%**	131	**25%**	154	**21%**
Tarraingíodh siar	135	**30%**	157	**29%**	216	**30%**
Athbhreithnithe críochnaithe	**445**	**100%**	**534**	**100%**	**728**	**100%**



16. ÁBHAR NA nIARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ AR GLACADH LEO - COMPARÁID TRÍ BLIANA

	2001	Céatadán	2002	Céatadán	2003	Céatadán
Diúltú rochtana	336	**86.8%**	508	**86.8%**	846	**92%**
Agóidí ag tríú páirtithe i gcoinne scaoileadh faisnéise fúthu nó arna soláthar acu	27	**7.0%**	28	**4.8%**	27	**3%**
Leasú ar thaifid faoi alt 17	13	**3.4%**	24	**4.1%**	23	**2%**
Ráiteas cúiseanna faoi alt 18	10	**2.6%**	22	**3.8%**	18	**2%**
Breith chun táille a ghearradh	1	**0.2%**	3	**0.5%**	8	**1%**
Iarratais ar glacadh leo	**387**	**100%**	**585**	**100%**	**922**	**100%**



17. IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ AR GLACADH LEO DE RÉIR CINEÁIL - COMPARÁID TRÍ BLIANA

	2001	Céatadán	2002	Céatadán	2003	Céatadán
Pearsanta	228	**59%**	313	**54%**	649	**71%**
Neamhphearsanta	118	**30%**	217	**37%**	206	**22%**
Measctha	41	**11%**	55	**9%**	67	**7%**
Iarratais ar glacadh leo	**387**	**100%**	**585**	**100%**	**922**	**100%**



Aguisín I

Tuarascáil ar Dheimhnithe ó Airí arna n-eisiúint faoi Alt 25

DEPARTMENT OF JUSTICE, EQUALITY and LAW REFORM
72-76 St. Stephen's Green
Dublin 2
Lo-Call: 1890 221 227
Teileafón/Telephone: (01) 602 8202
Ríomhphoist/e-mail:
info@justice.ie

AN ROINN DLÍ agus CIRT, COMHIONANNAIS agus ATHCHÓIRITHE DLÍ
72-76 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Facsuimhir/Fax:

Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

RECEIVED
0 6 MAY 2004
Office of the Information Commissioner

Freedom of Information Acts 1997 - 2003
Section 25 Ministerial Certificates

In accordance with section 25(11) of the Freedom information Acts, 1997 and 2003, I wish to notify you that Mr Michael McDowell T.D., Minister for Justice, Equality and Law Reform, renewed an existing Ministerial Certificate on 8 August, 2003 for a further two years.

Details of this Certificate are as follows :

Provisions of the Act, as amended, by reference to which the records requested are exempt records.

Section 23(1)(a)(i) - (iii)

the prevention, detection or investigation of offences, the apprehension or prosecution of offenders or the effectiveness of lawful methods, systems, plans or procedures employed for the purposes of the matters aforesaid, the enforcement of, or compliance with or administration of any law, lawful methods, systems, plans or procedures for ensuring the safety of the public and the safety or security of persons and property,

Section 24(1)(a)

Security of the State

Date of signature : 8 August, 2003
Expiration date of Certificate : 7 August, 2005

Maeve Hogan
Freedom of Information Officer
29 April, 2004

Foireann

Ard-Stiúrthóir

Pat Whelan

Imscrúdaitheoirí Sinsearacha

Fintan Butler

Liam Kelly

Imscrúdaitheoirí

Ciara Burns

Melanie Campbell

Roisin Connolly

Liz Dolan

Cathal Duffy

Larry Dunne
(d'fhág le linn 2003 ar ardú céime)

Sarah Kember
(sannadh sealadach ó Oifig an Ombudsman, an Nua-Shéalainn)

Anne Moran

David Nutley

Desmond O'Neill

Stephen Rafferty

Colin Stokes

Aimée Tallon

Aonad Tacaíochta

Mary Byrne

Chris Cogan

Frank Forde

Shane Hanrahan

Evelyn Hernon

Sarah Lynch

Elizabeth Martin

Stephanie O'Connell

David Stone

Innéacs

Ábhar Athbhreithnithe 15, 28
Achoimrí ar Bhreitheanna i bhFoirm Litreach 33
Achomhairc leis an Ard-Chúirt 17
Alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise agus an tOireachtas 29
Am a Chaitear le hAthbhreithnithe a Chríochnú 13
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh 18, 41
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath 40
An Roinn Airgeadais 38, 39
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 27
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 9, 16, 21, 25, 37
An Roinn Sláinte agus Leanaí 22
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 14, 24, 39, 42
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais 27
Athbhreithniú ar Bhreitheanna 13

Bainistíocht Taifead 19, 26, 28
Banc ICC 39
Bord Sláinte an Deiscirt 8, 9
Bord Sláinte an Oirthir 43
Breitheanna Foirmiúla 14
Breitheanna i bhFoirm Litreach 1, 33
Breithiúnais de chuid na hArd-Chúirte 24

Cineál Iarratasóra 9
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 18, 35
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 27
Comhlachtaí Nua faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise 17

Deimhnithe arna n-eisiúint ag Comhlachtaí Poiblí (ailt 19, 20 agus 25) 18
Deimhnithe ó Airí arna n-eisiúint faoi alt 25 18, 62

Feasacht an Phobail agus Dea-Chleachtas a Chur Chun Cinn 17
Fiosruithe Ginearálta 16
Fógraí Reachtúla faoi ailt 35 agus 37 16
Formáid na mBreitheanna 16

Iarratais ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise 10
Innéacs na nÁbhar a Phléitear sna Breitheanna i bhFoirm Litreach 33
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain 28
ISUF Eircom 38

Leibhéal Iarrataí le Comhlachtaí Poiblí 8
Liosta Foirne 63

Modh Rochtana ar Thaifid 23

Na Fórsaí Cosanta 28

Oifig an Stiúrthóra Imscrúduithe Comhionannais 42

Rátaí Scaoilte 9
Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) 29
RTÉ 14, 34

Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin 21
Socruithe 14
Soláthar Foirne 19
Staitisticí – Innéacs do na Táblaí 47

Táillí 11
Táillí Cuardaigh agus Aisghabhála 12
Tarraingthe siar / Scortha de 15
Tiomsú Staitisticí 7
Toradh Athbhreithnithe 14